

FOGHLAIM NA FOGHLAMTHA

Creat don Oideachas agus don Fhoghlaim sna Luathbhlianta

Deireadh Fómhair 2013



Department of
Education

www.deni.gov.uk

AN ROINN
Oideachais

MÁNNYSTRIE O
Lear

CLÁR AN ÁBHAIR

Réamhrá an Aire	i
Intreoir agus Soláthar i láthair na huaire	1
Comhthéacs Reatha agus Todhchaí	9
Réasúnaíocht leis an Chur Chuige Athbhreithnithe	13
Creat Leasaithe	16
Gníomhaíochtaí	21
Na Chéad Chéimeanna Eile	36

Aguisíní

Aguisín 1 - Sure Start, Réamhscolaíocht agus an Bhonnchéim 2012/13	37
Aguisín 2 - Fianaise ón Chigireacht Oideachais agus Oiliúna	40
Aguisín 3 - Ballraíocht den Ghrúpa Comhairleach de Pháirtithe Leasmhara na (0-6) Straitéise Luathbhlianta	43

Ullamh, Tacaithe agus Spreagtha don Fhoghlaim

RÉAMHRÁ AN AIRE

Tá áthas orm bheith in ann an bealach chun tosaigh don oideachas agus don fhoghlaim sna luathbhlianta a leagan amach. Anois, tá sé de rún agam seachadadh ar na gníomhartha atá ag teastáil chun an t-oideachas sna luathbhlianta, mar aon le seirbhísí foghlamtha, a chothú agus a fheabhsú, nó léiríonn an fhianaise an ríthábhacht fhéideartha atá ag baint leis na luathbhlianta maidir le torthaí agus gnóthachtáil oideachasúil an pháiste anonn sa tsaol.

D'aibhsigh an comhairliúchán fócasaithe ar 'Fhoghlaim na Foghlamtha', mar aon leis an chomhairliúchán níos luaithe ar an dréachtstraitéis don Foghlaim sna Luathbhlianta (0-6), réimse de cheisteanna a mbíonn ar pháistí agus ar thuismitheoirí plé leo sna luathbhlianta. Agus mé ag cinneadh ar an bhealach chun tosaigh, rinne mé breithniú ar réimse de cheisteanna níos leithne, chomh maith le torthaí an dá chleachtas comhairliúcháin, agus an comhthéacs reatha. Aithním an gá fócasú ar na príomhghníomhartha a d'fhéadfadh le mo Roinn a ghlacadh le feabhas a chur ar sheirbhísí oideachais sna luathbhlianta agus a chuideoidh linn cur leis na cuspóirí níos leithne maidir leis na luathbhlianta agus le hidirghabháil luath.

Is é is croíchuspóir don Roinn agam, caighdeáin san oideachas a ardú agus, trína dhéanamh seo, laghdú a dhéanamh ar an tearcghnóthachán oideachasúil, go háirithe do na daoine óga sin a bhfuil bacainní idir iad agus an fhoghlaim. Tá roinnt ceisteanna ann ar gá plé leo d'fhonn seasamh an oideachais luathbhlianta agus a ról maidir le torthaí feabhsaithe, a neartú. Tá sé de rún agamsa díriú isteach ar a chinntiú go mbíonn seirbhísí ar ardchaighdeán á soláthar i rith an ama do pháistí óga agus dá dteaghlach, trí thimpeallacht oideachais agus foghlama na luathbhlianta, gur féidir leis tacú leis na ceangail idir cúram na luath-óige agus oideachas d'fhonn cur chuige níos comhtháite a éascú i leith fheabhsú na dtorthaí.

Mar Aire Oideachais, is mian liomsa a chinntiú go dtig le gach páiste lánacmhainneacht a bhaint amach, beag beann ar na bacainní nó na dúshláin a bheadh roimhe nó roimpi. De réir mar a bhítear ag tabhairt níos mó aitheantais don oideachas luathbhlianta, is gá domhsa a chinntiú go mbíonn polasaithe agus cláir na Roinne s'agam ag feidhmiú chomh héifeachtach agus is féidir, go bhfaigheann na páistí eispéireas dearfach tairbheach sa réamhscoil agus ar scoil agus go bhfaigheann roinnt páistí agus teaghlach an tacaíocht níos spriocdhírthe atá de dhíth orthu, níos luaithe.

Ní hé gur céim ar leithligh den oideachas é an t-oideachas luathbhlianta. In ainneoin nach bhfuil sé éigeantach roimh aois 4, soláthraíonn oideachas sna luathbhlianta i bhfoirm Sure Start, an Chlár Oideachais Réamhscolaíochta agus oideachas éigeantaigh sa Bhonnchéim, seirbhísí riachtanacha atá fóirsteanach d'aois agus do chéim na bpáistí agus tá baint shoiléir dhíreach idir iad agus páistí lánacmhainneacht a bhaint amach. Cuirfidh mé na tosaíochtaí

PHOTO REDACTED DUE TO THIRD PARTY RIGHTS OR OTHER LEGAL ISSUES


céanna i bhfeidhm san oideachas sna luathbhlianta agus a chuirim i bhfeidhm i ngach gné eile den oideachas. Tá leagtha amach leis na bearta sa chreat seo, an bealach chun tosaigh d'oideachas agus foghlaim sna luathbhlianta, i gcomhréir leis na tosaíochtaí oideachais, agus tá ionchorpraithe iontu chomh maith na mórchuspóirí níos leithne a bhí leagtha amach roimhe sa dréacht-Straitéis Luathbhlianta (0-6).

Is é is aidhm leis na bearta, a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach páiste ar eispéiris foghlama ardchaighdeán a chuirfeas ar a c(h)umas scileanna feabhsaithe cognaíocha, sóisialta agus mothúchána a fhorbairt agus lena leagfar síos bonnsraith thábhachtach maidir le foghlaim agus forbairt sa todhchaí.

Tá cuid mhaith riachtanas ag páistí agus a dteaghlach agus is minic a mbíonn na riachtanais seo ilghnéitheach, ag lorg tacaíochta thar teorainneacha eagraíochtúla. Aithním go bhfuil gá le comhoibriú breisithe ar fud réimse de chórais oideachais luathbhlianta agus de chórais sláinte agus cúraim. Leis an chreat úr um Sheachadadh an Athraithe Shóisialta (DSC) atá á stiúradh ag Airí trí Fo-Choiste Airí an Fheidhmeannais um Páistí agus Daoine Óga agus Fo-Choiste na Bochtaineachta agus an Chuimsithe Shóisialta, tá meicníocht fhóirsteanach in áit anois le comhoibriú agus comhtháthú breisithe a fháil do na luathbhlianta mar chuid de théama níos leithne na luath-idirghabhála. Fanaim tiomanta d'oibriú i gcomhpháirt le mo chomhairí trí chreat an DSC le tógáil ar an réimse straitéisí atá ann i láthair na huaire, agus le comhpháirtíochtaí a éascú agus a fheabhsú idir na seirbhísí agus na teaghlaigh a bhfuil siad ag iarraidh tacú leo. Úsáidfear Foghlaim na Foghlamtha le comhoibriú a chur chun cinn amach anseo agus le feidhmiú mar ardán le haghaidh smaointe nua agus smaointe ag teacht chun aibíochta d'fhonn eochairpháirtíochtaí a fhorbairt agus a chothú thar réimse soláthraithe luathbhlianta.

Chuaigh na freagraí ar an chomhairliúcháin fócasaithe i bhfeidhm ar Fhoghlaim na Foghlamtha, ar fhreagra níos túisce ar an chomhairliúchán don dréacht Straitéis Luathbhlianta (0-6), mar aon le teagmháil leanúnach le páirtithe leasmhara. Tá mé cinnte go soláthróidh sé torthaí feabhsaithe do pháistí agus do theaghlaigh.

Ba mhaith liom gníomh, torthaí agus fíorfheabhas a fheiceáil i saol pháistí agus a dteaghlach. Tá sé de rún agam na heispéiris oideachais agus foghlama a bhíonn ag páistí sna luathbhlianta a fheabhsú agus comhoibriú le heochairgheallsealbhóirí san earnáil agus le comhghleacaithe feidhmeannaigh le deiseanna sa tsaol san iomlán a fheabhsú dár bpáistí go léir.



John O'Dowd
Aire Oideachais

INTREOIR

Luathbhlianta

- 1.1 Cinntítear sciar suntasach de rathúlacht páiste, ar scoil agus sa tsaol, ag aois iontach óg, agus sula dtosaíonn sé/sí ar scoil. Sa lá atá inniu ann, tá níos mó eolais ná riamh againn ar thábhacht na dtimpeallachtaí dearfacha agus tacúla agus a dtionchar ar fhorbairt na hinchinne, agus tuigimid níos fearr ná riamh an méid a mhúnláíonn na chéad bhlianta de shaol an pháiste an chuid eile dá shaol.
- 1.2 Tá méadú ag teacht ar ár dtuiscint ar na tionchair níos leithne a théann i bhfeidhm ar fhorbairt an pháiste, amhail cúlra teaghlaiigh nó socheacnamaíoch agus na tionchair a thagann le bacainní roimh an fhoghlaim. Tá aitheanta ag an Fheidhmeannas, leis na tosaíochtaí agus na cuspóirí atá sa Chlár Rialtais, gur gá bacainní féideartha roimh fhorbairt an pháiste a shainaithint agus gur gá dul i ngleic leo a luaithe agus is féidir d'fhonn bunsraitheanna tábhachtacha a leagan síos faoin fhoghlaim fadsaoil agus tacaíocht bhreise a sholáthar do theaghlaiigh, do pháistí agus do phobail.
- 1.3 Infheistíonn an Roinn Oideachais níos mó ná £2 billiún sa chóras oideachais in aghaidh na bliana. Don Roinn Oideachais agus do na forais oideachais a maoiníonn sí agus dá bhfuil sí freagrach, tá an fócas ar pháistí agus ar dhaoine óga: ag cur cothromaíochta chun cinn; ag cabhrú leo lánacmhainneacht a bhaint amach: agus a ndeiseanna sa tsaol a fheabhsú tríd an oideachas.
- 1.4 Tá ról ar leith ag soláthar an oideachais luathbhlianta maidir le cur chun cinn na n-aidhmeanna níos leithne, mar atá, feabhsú na gnóthachtála agus laghdú na tearcghnóthachtála, go háirithe sa litearthacht agus san uimhearthacht. Trí pholasaí oideachais, reachtaíocht agus maoiniú a éascú, tacaítear le réimse de sheirbhísí uilíocha agus spriocdhírthe a chuidíonn le páistí gnóthachtáil, forbairt agus rathú. Tá na seirbhísí saindeartha le tacú le páistí agus lena dteaghlach, trí eispéiris dhearfacha oideachais agus foghlama a sholáthar sna luathbhlianta, i dtimpeallachtaí sábháilte spreagúla tacúla.

Soláthar i láthair na huair

1.5 Stiúrann an Roinn Oideachais réimse oideachais agus foghlama do pháistí in aois a 0-6 bliana agus dá dteaghlach, lena n-áirítear:

- Clár Sure Start;
- Clár Fairsingithe na Réamhscolaíochta;
- Réamhbhliain; agus
- An Bhonnchéim (Rang 1 agus 2 sa Bhunscoil).

Tá feachtas leanúnach ann chomh maith le dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí le go n-aithneoidh siad a luachmhaire atá oideachas a bpáiste agus le go mbeidh siad rannpháirteach ann.

Eochair-Fhíricí

1.6 Déanann an Roinn Oideachais níos mó ná £210 milliún a infheistiú i seirbhísí oideachais agus foghlama sna luathbhlianta. Tá achoimre ar an mhaoiniú atá á leithdháileadh in 2013/14 i dTábla 1.

Tábla 1 – Maoiniú do Sheirbhísí Oideachais agus Foghlama Luathbhlianta

Soláthar	€m
Naíscoileanna	18.2
Ranganna Naíscoile / Aonaid laistigh de Bhunscoileanna ¹	21.9
Suíomhanna réamhscolaíochta Deonacha/Priobháideacha	16.4
Sure Start	25.0
Caipitiúil	1.6
Luathbhlianta – Eagrais na bPáistí Óga	
- Bosca Bréagán	0.4
- Croí-Dheontas	0.3
- Ciste na Luathbhlianta	2.9
Bonnchéim (lena n-áirítear réamhbhliain) (R1 + R2)	126.4
Iomlán	213.1

Sure Start

- 1.7 Is clár é Sure Start atá dírithe ar thuismitheoirí agus ar pháistí faoi bhun 4 bliana d'aois atá ina gcónaí san 20% de bhardaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa tuaisceart. Soláthraíonn sé seirbhísí a fhreagraíonn d'fhorbairt shóisialta, mhothúchánach, fhisiceach agus oideachasúil na bpáistí seo, agus a dteaghlaigh, laistigh de na ceantair ainmnithe seo. Déantar seirbhísí Sure Start a sholáthar trí chur chuige iomlánaíoch, agus seirbhísí sláinte, oideachais agus tacaíochta tuistithe á soláthar ar dhóigh chomhordaithe. Tá an clár seo á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais ó bhí 2006 ann nuair a aistríodh é ón Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSP).

¹ Buiséad FMC - Maoiniú inaitheanta amháin - ní féidir maoiniú breise na mblíanghrúpaí/ndaltaí seo a dhíchomhbhailiú ó bhuiséad iomlán na scoileanna.

Sa tréimhse sin, tá méadú de níos mó ná £15 milliún tagtha ar an infheistíocht sa chlár, rud a d'fhág buiséad bliantúil de £25 milliún in 2013/14.

- 1.8 I láthair na huaire, tá 35 tionscadal Sure Start sa tuaisceart, agus iad ag soláthar seirbhísí do níos mó ná 34,000 páiste in aois a 0-4 bliana agus dá dteaghlach, laistigh de na ceantair ainmnithe. Tá an Roinn Oideachais ag obair i láthair na huaire i gcompháirt leis an Bhord Sláinte agus Cúraim Shóisialta le seirbhísí Sure Start a leathnú go dtí an 25% de na bardaí is mó míbhuntáiste sa tuaisceart. Tá sonraí sa bhreis faoi thionscadail Sure Start leagtha amach ag Aguisín 1.

Sure Start – Clár Forbartha do Pháistí 2-3 Bliana d'Aois

- 1.9 As an £25 milliún a infheistítear in Sure Start, úsáidtear thart ar £3 milliún le tacú leis an Chlár Forbartha do Pháistí 2-3 Bliana d'Aois. I láthair na huaire, tá 142 clár i bhfeidhm agus seirbhís á cur ar fáil do thart ar 12 páistí le gach clár. Is é is aidhm leis an chlár forbairt shóisialta agus mhothúchánach an pháiste a bhreisiú, tógáil ar a scileanna cumarsáide agus teanga, agus an tsamhlaíocht a spreagadh tríd an tsúgradh. Rinneadh é a dhearadh do pháistí óga atá sa bhliain leathdheireanach réamhscolaíochta, agus béim ar shúgradh dearfach aois-oiriúnaithe i suíomhanna grúpa. Is gné rithábhachtach den chlár í an rannpháirtíocht tuismitheora.

Clár Fairsingithe na Réamhscolaíochta

- 1.10 Déantar níos mó ná £56 milliún a infheistiú sa Chlár Réamhscolaíochta Oideachais, ar céim rithábhachtach, ach ní éigeantach, í den oideachas trína gcuirtear eispéiris oideachasúla ardchaighdeáin churaclam-bhunaithe ar fáil do pháistí. Sa 'Chlár Rialtais 2011 – 2015', tá an Roinn meáite ar a chinntiú go mbíonn ar a laghad bliain amháin d'oideachas réamhscolaíochta ar fáil do gach teaghlach atá ag iarraidh teacht i dtír uirthi. Sa bhliain acadúil 2012/13, bhí 23,440 páiste in oideachas réamhscolaíochta a bhí á mhaoiniú ag an RO: 14,613 i naiscoileanna nó in aonaid naiscoile i mbunscoileanna; agus 8,410 in áiteanna, maoinithe ag RO, in ionaid oideachais réamhscolaíochta dheonacha agus phríobháideacha. Bhí 417 páiste i soláthar réamhbhliana i mbunscoileanna (figiúr cruinn i nDeireadh Fómhair 2012).

Tábla 2 – Páistí in áiteanna réamhscoile, maoinithe ag RO – 2012/13

Líon Páistí de réir suímh agus seisiúin	Lán-aimseartha	Páirt-aimseartha AM	Páirt-aimseartha PM	IOMLÁN
Naíscoileanna	3,986	966	958	5,910
Aonaid Naíscoile i mBunscoileanna	5,070	2,268	1,365	8,703
Reachtúil - Iomlán	9,056	3,234	2,323	14,613
Suíomhanna réamhscolaíochta deonacha agus príobháideacha	-	7,603	807	8,410
IOMLÁN (gach suíomh)	9,056	10,837	3,130	23,023
Réamhbhliain ²				417
Iomlán Glan				23,440

Treoir Churaclaim don Oideachas Réamhscolaíochta

- 1.11 Ní mór do gach suíomh réamhscolaíochta, idir shuíomhanna reachtúla, shuíomhanna deonacha agus shuíomhanna príobháideacha a bhfuil áiteanna maoinithe iontu, cloí leis an 'Treoir Churaclaim don Oideachas Réamhscolaíochta'. Rinneadh an treoir seo a dhearadh le soláthar oideachais réamhscolaíochta dea-chaighdeáin a chothú agus a chur chun cinn agus tá cuntas ann ar réimse na ndeiseanna foghlama ar cheart iad a bheith ar fáil do pháistí ag an aois seo, tríd an tsúgradh agus trí eispéiris ábhartha eile.

² Ní dhéantar páistí réamhbhliana a mhaoiniú mar chuid den Chlár Oideachais Réamhscolaíochta.

Clárú agus Cigireacht

- 1.12 Tá íoschaighdeáin leagtha amach ag RSSSSP, ina bhfuil an coinníoll gur gá íosleibhéal de sheirbhís a sholáthar le bheith cláraithe le hlontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta (HSCT) agus le caighdeáin chigireachta RSSSSP a chomhlíonadh. Ní mór do sholáthróirí deonacha agus príobháideacha atá ag iarraidh áiteanna réamhscolaíochta maoinithe a chur ar fáil bheith cláraithe le HSCT. Tá siad faoi réir, fosta, cigireachtaí na gcigirí HSCT agus na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna (ETI). Is é an ETI a dhéanann cigireacht ar naiscoileanna reachtúla agus ar aonaid naiscoile i mbunscoileanna.

Clár Réamhscolaíochta Oideachais - Maoiniú

- 1.13 Déantar níos mó ná €40 milliún de mhaoiniú a leithdháileadh chuig an 97 naiscoil dheontaschúnta de chuid na Roinne Oideachais agus chuig an 224 naiscoil atá cleamhnaithe le bunscoileanna tríd an Fhoirmle Cómhaoinithe faoi na socrúithe maidir le Bainistiú Áitiúil na Scoileanna (LMS). De bhreis air seo, déantar €16.4 milliún a leithdháileadh chuig soláthraí réamhscolaíochta deonacha agus príobháideacha ar leithligh ó na socrúithe foirmle eile agus is iad na Grúpaí Comhairleacha Réamhscolaíochta (PEAGs) áitiúla i ngach ceann de na cúig Bhord Oideachais agus Leabharlann a dhéanann é seo a riar. Sa scoilbhliain 2012/13, bhí 390 ionad réamhscolaíochta deonach agus príobháideach sa Chlár Oideachais Réamhscolaíochta ina raibh áiteanna maoinithe ar fáil.

Fad Ama na Seisiún

- 1.14 I naiscoileanna reachtúla agus in aonaid naiscoile laistigh de bhunscoileanna, tá idir áiteanna maoinithe páirtaimseartha agus lánaimseartha ar fáil do pháistí. Is ionann oideachas réamhscoile páirtaimseartha san earnáil reachtúil agus idir fad 2 uair 30 bomaite agus fad 4 uair 30 bomaite sa lá; maireann soláthar lánaimseartha ar a laghad 4 uair 30 bomaite. Cé nach bhfuil sé sainmhínithe sa reachtaíocht, éilíonn an Roinn go mbíonn an soláthar ar fáil go hiondúil 5 lá na seachtaine ar feadh 38 seachtain den bhliain acadúil. San earnáil dheonach, tá gach áit mhaoinithe atá ar fáil tríd an Chlár Oideachais Réamhscolaíochta páirtaimseartha, go hiondúil, ar a laghad 2.5 uair an chloig sa lá, 5 lá na seachtaine agus 38 seachtain den bhliain acadúil.

Cúrsaí Foirne agus Cóimheasa Foirne le Páistí

- 1.15 Is scoileanna deontaschúnta iad náiscoilleana agus aonaid náiscoilleana laistigh de bhunscoilleana agus is múinteoirí cáilithe agus cúntóirí náiscoilleana cáilithe a bhíonn ag obair iontu; is ionann cóimheas na mball foirne le páistí i láthair na huaire agus 1:13, mar atá leagtha amach i dtreoir na Roinne (RO). I suíomhanna deonacha/príobháideacha a fhaigheann maoiniú ón Roinn Oideachais d'áiteanna réamhscolaíochta, ní mór go mbeadh cáilíocht ábhartha san oideachas nó i gcúram páistí ag, ar a laghad, an leathchuid den fhoireann agus ba cheart go mbeifí ag obair i dtreo gach ball foirne cáilíocht ábhartha a bheith aige/aici. De bhreis air seo, tá de cheangal ar gach suíomh maoinithe réamhscolaíochta deonach/príobháideach teacht a bheith aige ar thacaíocht ó mhúinteoir cáilithe nó speisialtóir luathbhlianta le cuidiú le hardú chaighdeáin an tsoláthair. Tá de cheangal ar shuíomhanna deonacha/príobháideacha, faoi théarmaí an chlárúcháin, íos-chóimheas baill foirne:páistí de 1:8 a bheith ann, mar atá leagtha amach in Ord na bPáistí 1995.

Réamhbhliain

- 1.16 Is é an sainmhíniú ar rang réamhbhliana atá sa reachtaíocht i láthair na huaire, go mbeadh sé fóirsteanach do riachtanais páistí in aois a 4 bliana. D'fhéadfadh sé go mbeadh páistí a bhfuil a 4ú breithlá sroichte acu i ndiaidh an scoithphointe d'aois tosaithe na scolaíochta éigeantaí in ann dul isteach i rang réamhbhliana, ach ceann a bheith ar fáil. Is múinteoirí cáilithe a theagascann daltaí réamhbhliana. Is minic a tharlaíonn sé seo i gcomhranganna le daltaí Rang 1 agus d'fhéadfadh go gcuimseodh sé daltaí ó bhliainghrúpaí eile. Ar cheann de na haidhmeanna a bhí taobh thiar de Chlár Fairsingithe na Réamhscolaíochta, bhíothas ag iarraidh soláthar malartach fóirsteanach a chur isteach in áit an tsoláthair reatha réamhbhliana. Ní i gcónaí a chuirtear timpeallacht fhóirsteanach réamhscolaíochta ar fáil sna ranganna réamhbhliana, agus níl aon soláthar úr réamhbhliana faofa ag an Roinn ó bhí 1998/99 ann. Tá laghdú tagtha ar líon na ndaltaí sna ranganna réamhbhliana ó 2,575 páiste in 1997 go dtí 417 in 2012/13 (mar a bhí i nDeireadh Fómhair 2012).

Bonnchéim

- 1.17 Is ionann an Bhonnchéim agus tús na céime éigeantaí den oideachas do pháistí bunscoile. Tosaíonn páistí a bhfuil aois 4 sroichte acu faoin 1 lúil ar an bhunscoil ag tús Mheán Fómhair na bliana sin. Baineann an Bhonnchéim le páistí i rang 1 agus rang 2 sa bhunscoil agus is múinteoirí cáilithe a láimhseálann an seachadadh, agus cúntóirí ranga ag tacú leo go minic. In 2012/13, bhí 24,871 páiste i rang 1 agus 23,592 páiste i rang 2 i mbunscoileanna.
- 1.18 Is é is aidhm leis an Bhonnchéim aistriú níos réidhe a éascú ó chéim na réamhscolaíochta. Aithnítear go dtagann páistí óga ar scoil ó éagsúlacht de chúilraí difriúla agus eispéiris éagsúla foghlama faighte acu sa bhaile agus, don chuid is mó acu, foirm éigin d'oideachas réamhscolaíochta. Rinneadh í a dhearadh le tógáil ar na heispéiris foghlama a bhí ag na páistí níos luaithe ina saol, trí chlár fóirsteanach foghlama a chur ar fáil d'fhonn a meon i leith na foghlama a fhorbairt agus lena bhfeistiú leis na scileanna agus na hinniúlachtaí a bheas de dhíth orthu le go n-éireoidh leo ar scoil agus anonn sa tsaoil.
- 1.19 Soláthraíonn curaclam na Bonnchéime an timpeallacht is fearr a fhóireann do riachtanais na bpáistí óga. Úsáidtear an súgradh mar chomhthéacs don fhoghlaim nó aithnítear gur toisc thábhachtach é an spreagadh tríd an tsúgradh i bhforbairt shóisialta, mhothúchánach agus oideachasúil an pháiste. De réir mar a théann páistí chun cinn tríd an Bhonnchéim, cuirtear an fhoghlaim níos foirmeálta ina láthair, go háirithe forbairt na scileanna litearthachta agus uimhearthachta, ar luas atá fóirsteanach dá n-aois agus dá leibhéal forbartha.

Rannpháirtíocht Tuismitheora

- 1.20 Is eochairphrionsabal í an Rannpháirtíocht Tuismitheora i bpolasaí feabhsaithe scoile na Roinne, Gach Scoil ina Scoil Mhaith (GSiSM). Tacaíonn an Roinn le roinnt clár le dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí trí scoileanna seirbhísí breise agus scoileanna iomlán seirbhísí agus tríd an dea-chleachtas sa réamhscolaíocht, mar aon leis na cláir Sure Start. Is é is aidhm le feachtas na Roinne, 'Is fearr i bhfad a éiríonn leis an oideachas nuair a bhíonn páirt agat féin ann', níos mó tuismitheoirí a mhealladh le bheith rannphárteach in oideachas a bpáiste, agus soláthraíonn sé samplaí praiticiúla le cuidiú le tuismitheoirí léamh, cuntas, súgradh agus labhairt lena bpáistí.

COMHTHÉACS REATHA AGUS TODHCHAÍ

Polasaí Reatha na Luathbhlianta

- 2.1 Eisíodh polasaí de chuid na Roinne Oideachais, 'Infheistiú sa Luath-Fhoghlaim' thiar in 1998. In 2004, reáchtáil RO comhairliúchán maidir le todhchaí an oideachais réamhscolaíochta mar chuid dá hathbhreithniú ar na socrúithe réamhscolaíochta agus eisíodh tuairisc ar na torthaí in 2006. In 2012, d'fhoilsigh an Roinn an tAthbhreithniú ar na Socrúithe Iontrála Réamhscolaíochta, rud a sholáthraíonn creat le feabhsú a dhéanamh ar fheidhmiú an Chláir Réamhscolaíochta Oideachais agus a thacaíonn le haidhm na Roinne cinntiú go gcuirfear bliain amháin réamhscolaíochta ar a laghad ar fáil do gach teaghlach ar mian leo é. Tá fianaise ar fáil, leis an staidéar fadaimseartha ar éifeachtaí an oideachais réamhscolaíochta, Soláthar Éifeachtach Réamhscoile (Effective Pre-School Provision – EPPNI) a léiríonn go ndéanann oideachas réamhscolaíochta ardchaighdeán difear maidir le forbairt chognaíoch agus shóisialta/ iompair na bpáistí.
- 2.2 Níl aon athbhreithniú suntasach déanta ar an chomhthéacs polasaí taobh thiar de Sure Start ó bhí 2006 ann, cé go bhfuil an Clár Forbartha do Pháistí 2-3 Bliana d'Aois forbartha ó shin. Leagadh amach an seasamh polasaí maidir leis an réamhbhliain in 'Infheistiú sa Luath-Fhoghlaim' inar cuireadh síos nach ndéanfaí aon soláthar úr réamhbhliana i mbunscoileanna a mhaoiniú ó Mheán Fómhair 1999 i leith. Léirigh torthaí an Athbhreithniithe ar Oideachas Réamhscolaíochta (2006) agus an tAthbhreithniú ar Iontrálacha Réamhscolaíochta (2012) rún na Roinne reachtaíocht a thabhairt chun cinn le cosc a chur ar scoileanna áiteanna réamhbhliana a sholáthar. Tugadh an Bhonnchém isteach sa scoilbhliain 2007/08 mar chuid d'athbhreithniú níos leithne ar an churaclam.

Mórpholasaí Oideachais

- 2.3 Tá tacar suntasach de pholasaithe níos leithne oideachais a théann i bhfeidhm ar an tsoláthar luathbhlianta nó a bhfuil baint ag na luathbhlianta leo, lena n-áirítear,

PHOTO REDACTED DUE TO THIRD PARTY RIGHTS OR OTHER LEGAL ISSUES

Gach Scoil ina Scoil Mhaith; Athbhreithniú ar an Ghaeloideachas; Cuntais, Léigh Leat, Beidh Leat; Straitéis le torthaí a fheabhsú sa Litearthacht agus san Uimhearthacht; Scoileanna Seirbhísí Breise; Pleanáil ar bhonn Ceantair; Caidreamh Pobail – Comhionannas agus Ilchineálacht agus an tAthbhreithniú ar Shainriachtanais Oideachais agus ar Chuimsiú.

- 2.4 Is tréimhse mhór athrúcháin é seo don chóras oideachais againn. Leis an athrú ó na struchtúir reatha go dtí ESA, gheofar comhthéacs athraithe ina dtig an t-oideachas agus an fhoghlaim sna luathbhlianta a thabhairt chun cinn agus tiocfaidh deiseanna suntasacha le torthaí a fheabhsú do gach duine óg san oideachas agus lena chinntiú go mbeidh comhionannas rochtana ann ar sholáthar ardchaighdeán d'oideachas réamhscolaíochta. Laistigh de Stiúrthóireacht na bPáistí agus na nDaoine Óga de chuid ESA, beidh post ar leith dírithe ar cheannaireacht straitéiseach i dtaca le soláthar seirbhísí luathbhlianta ag leibhéal réigiúnach.

Torthaí Cigireachta

- 2.5 I dtuairisc Phríomhchigire na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna, 2010-2012, measadh go raibh 76% de na suíomhanna réamhscolaíochta a ndearnadh cigireacht orthu maith nó níos fearr. Ar na buanna a tuairiscíodh, bhí:
- faigheann bunús na bpáistí eispéireas oideachais maith nó níos fearr sa réamhscolaíocht;
 - tá éifeachtacht fhoriomlán na hearnála deonaí agus príobháidí ag feabhsú i rith an ama;
 - tá an ghnóthachtáil agus na caighdeáin maith nó níos fearr in 80% de na suíomhanna réamhscolaíochta a ndearnadh cigireacht orthu;
 - Sna suíomhanna atá idir maith agus ar fheabhas, bíonn dea-chumarsáid idir an fhoireann agus réimse d'eagraíochtaí eile le tacú leis an fhoghlaim agus le cúram na bpáistí agus leis an dea-chleachtas a scaipeadh níos fearr; agus
 - sa chleachtas is fearr, tugann suíomhanna ról do thuismitheoirí maidir le foghlaim agus forbairt a bpáistí.

- 2.6 Thuairiscigh an Príomhchigire, agus muid ag dul chun tosaigh, gur gá:
- breisfhorbairt a dhéanamh ar leanúnachas agus ar dhul chun cinn maidir le foghlaim na bpáistí ag gach céim;
 - leanúint le forbairt na scileanna foirne d'fhonn clár réamhscolaíochta oideachais ar ardchaighdeán a sholáthar; agus
 - feabhsú a dhéanamh ar chaighdeán na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta in 30% de na suíomhanna a ndearnadh cigireacht orthu.
- 2.7 Tá breis sonraí maidir leis na torthaí cigireachta leagtha amach in Aguisín 2. Ar an iomlán, tá torthaí na cigireachta dearfach ach tá go fóill dul chun cinn le déanamh ó thaobh na ceannasaíochta agus na bainisteoireachta de agus maidir lena chinntiú go mbíonn leanúnachas ann maidir le luathoideachas agus luatheispéiris foghlama na bpáistí. Chomh maith leis seo, rinne an COO (ETI) meastóireacht amháin ar an Chlár Forbartha do Pháistí 2 go 3 Bliana d'Aois sna suíomhanna Sure Start.

Polasaí Níos Leithne an Fheidhmeannais

- 2.8 Tá an tseirbhís oideachais á múnú ag roinnt polasaithe níos leithne de chuid an Fheidhmeannais agus is cuidiú iad an t-oideachas agus an fhoghlaim sna luathbhlianta i dtreo réimse de thorthaí a sheachadadh do pháistí agus do theaghlaigh amhail na torthaí atá leagtha amach sa Chlár Rialtais 2011–2015, Plean 10 mBliana na bPáistí agus na nDaoine Óga, Polasaí Súgartha agus Fóillíochta, Bochtaineacht Páistí, Comhtháthú, Comhroinnt agus Imeascadh, agus forbairtí maidir le polasaí cúraim pháistí atá le foilsiú agus an Creat úr um Sheachadadh an Athraithe Shóisialta.

Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht

- 2.9 Ar an 25 Meitheamh 2010, sheol an tIar-Aire Oideachais, Caitríona Ruane, comhairliúchán ar an dréacht-Straitéis Luathbhlianta (0-6). Is é a moladh leis an dréachtstraitéis fíis, aidhmeanna agus cuspóirí a nascadh an réimse de sheirbhísí oideachais agus sláinte do pháistí sna luathbhlianta leis an Bhonnchéim úr sna chéad bhlianta den bhunscoil.
- 2.10 Tógadh roinnt ceisteanna bunúsacha, agus baineadh an tátal astu go raibh géarghá le bealach soiléir chun tosaigh a leagan amach don oideachas agus don fhoghlaim sna luathbhlianta.
- 2.11 Ar an 2 Iúil 2012, sheol an tAire Oideachais, John O'Dowd tuairisc choimrithe na bhfreagairtí ón chomhairliúchán ar an Dréacht-straitéis Luathbhlianta (0-6). Tá an achoimre ar fáil ag:
http://www.deni.gov.uk/response_to_early_years_consultation.pdf
- 2.12 Ar an 4 Nollaig 2012, foilsíodh 'Foghlaim na Foghlamtha' le haghaidh comhairliúcháin fócasaithe, tá tuairisc achomair ar fhreagraí an chomhairliúcháin sin ar fáil ag:
<http://www.deni.gov.uk/index/support-and-development-2/early-years-education/learning-to-learn.htm>
- 2.13 Bhunaigh an Roinn Grúpa de Pháirtithe Leasmhara Luathbhlianta: tá ballraíocht an Ghrúpa seo leagtha amach in Iarscríbhinn 3. Chruinnigh an grúpa seo le chéile aon uair déag ó Dheireadh Fómhair 2010 go dtí Meitheamh 2013.

RÉASÚNAÍOCHT LEIS AN CHUR CHUIGE ATHBHREITHNITHE

- 3.1 Tá an Feidhmeannas tiomanta do bhaint amach laghdú bochtaineachta atá marthanach agus fadtéarmach, mar aon le feabhas i sláinte na bpáistí agus na ndaoine óga, ina gcuid folláine agus ina ndeiseanna saoil. In ainneoin nach bhfuil roinn rialtais ar leith go huile is go hiomlán freagrach as gach seirbhís luathbhlianta a bhíonn de dhíth ar pháistí agus ar a dteaghlach, tá sé mar aidhm ag an chreat um Sheachadadh an Athraithe Shóisialta (DSC) eochairghníomhartha a chomhordú thar na Ranna Feidhmiúcháin leis an obair ar na réimsí polasaí sóisialta tosaíochta, a thabhairt chun cinn. Tá sé de rún ag an chreatlach DSC seachadadh ar réimse beart le dul i ngleic le bochtaineacht agus le heisiamh sóisialta agus d'aithin sé idirghabháil luath mar théama tosaíochta.
- 3.2 Tá an Roinn Oideachais freagrach agus cuntasach as na seirbhísí oideachais agus foghlama luathbhlianta a sholáthraíonn sí do pháistí agus dá dteaghlach trí réimse de chlár. Ní fheidhmíonn na clár seo in aonrú. Bíonn seirbhísí sláinte, amhail péidiatraic, cuairteanna sláinte agus seirbhísí réamhbhreithe agus iar-bhreithe riachtanach do pháistí agus do theaghlaigh sna luathbhlianta, chomh maith le seirbhísí sláinte agus leasa a luíonn faoi Ranna eile amhail RSSSSP agus RFS. Tá straitéis cúraim pháistí á cur chun cinn ag OCALCA agus tá siad ag comhordú oibre ar bhochtaineacht páistí.
- 3.3 In ainneoin go bhfuil sainréimsí de pholasaí luathbhlianta á stiúradh agus á seachadadh ag ranna éagsúla, is í an aidhm fhoriomlán atá ag tosaíochtaí agus ag coimintintí an Fheidhmeannais sa Chlár Rialtais ná idirghabháil a spreagadh a bhriseann an timthriall díothachta & tearcghnóthachtáil oideachais agus a fheabhsaíonn sláinte agus folláine. Caithfear aghaidh a thabhairt ar chuid mhaith dúshlán thar réimse seirbhísí oideachais agus foghlamtha do na luathbhlianta d'fhonn ról na seirbhísí seo a threisiú agus chun cur le fothorthaí feabhsaithe.

- 3.4 Táthar i ndiaidh gnéithe den pholasáí luathbhlianta a athailíniú idir RO agus RSSSSP. Tugadh an polasaí feighlíochta páistí agus cúraim lae ar ais faoi choimirce RSSSSP in 2011 agus is í RSSSSP a stiúranann 'Families Matter' – the Regional Family and Parenting Strategy. Dá réir seo, tá an pointe tosaigh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Straitéis na Luathbhlianta (0-6) iontach difriúil óna bhunús i 2006. Mar go n-aithnítear gur gá bheith ag feidhmiú níos comhoibrithí, le leas na bpáistí agus na dteaghlach, tá an cur chuige úr comhoibritheach agus réamhbhreathnaitheach. Tá sé soiléir gur gá seirbhísí sláinte, seirbhísí tuismitheoireachta, seirbhísí oideachais agus seirbhísí sóisialta a bheith ag comhoibriú lena chéile agus léireofar é seo sna hiarrachtaí i dtreo cur chuige níos comhtháite ón rialtas tríd an chreat DSC.
- 3.5 I ndiaidh tréimhse fáis ó thaobh infheistíocht sna seirbhísí poiblí de, is é atá i ndiaidh tarlú leis an aeráid achrannach eacnamaíochta faoi láthair, ná go bhfuil srian curtha leis na caiteachas poiblí do na trí bliana atá amach romhainn, idir bhuiséid chaipitiúla agus bhuiséid acmhainní. De dheasca an ghearradh siar atá déanta ag Rialtas na Breataine ar an Bhlocdheontas, tá dúshlán gan fasach le sárú ag earnáil an oideachais toisc go bhfuil an leibhéal maoinithe atá ar fáil i gCáinainéis 2011-15 níos lú ná an méid a bhí ann cheana. Forbraíodh Plean Sheachadadh Coigiltis le haghaidh a thabhairt ar an bhearna seo maoinithe mar aon leis na bearta coigiltis, a thabharfaidh thart ar £206 i maoiniú acmhainní faoi 2014-15; iarracht a dhéanamh caiteachas ar thosaíochtaí na Roinne a chosaint; tarraingt caol díreach ar mhaorlathas nach gá; agus maoiniú do sheirbhísí túslíne a chosaint, chomh fada agus is féidir.
- 3.6 Tá tosaíochtaí an Aire don oideachas dírithe ar chaighdeán a ardú agus ar an bhearna sna leibhéil ghnóthachtála a laghdú. Tá tacar de pholasaithe oideachais, a léiríonn na tosaíochtaí seo, i bhfeidhm, agus neadaíonn an creat seo seirbhísí oideachais agus foghlama sna luathbhlianta laistigh den chur chuige fhoriomlán seo, mar a n-aithneofar a thábhachtaí atá sé seirbhísí oideachais ar ardchaighdeán a sholáthar do pháistí roimh agus sna chéad bhlianta den oideachas éigeantach.
- 3.7 Mar aon leis an laghdú ar na hacmhainní atá ar fáil, tá brúnna suntasacha breise á gcur i rith an ama ar sheirbhísí oideachais agus foghlama sna luathbhlianta, mar gheall ar ionchais mhéadaithe, ráta breithe atá ag méadú agus athruithe déimeagrafaíochta. Bíonn tuismitheoirí ag dúil níos mó anois le go mbeidh fáil acu ar sheirbhísí oideachais

agus foghlama sna luathbhlianta ag na hamanna agus ar na dóigheanna a bheas fóirsteanach dóibh féin. Gach áit ar féidir, bíonn an Roinn ag iarraidh freastal ar ionchas na dtuismitheoirí agus na sochaí ó thaobh an oideachais luathbhlianta de, trí pholasaithe, reachtaíocht agus maoiniú a chuireann ar chumas réimse de sholáthróirí cláir a sheachadadh atá dírithe ar sheachadadh na dtorthaí feabhsaithe do pháistí. Saincheist thábhachtach atá i rochtain ar oideachas luathbhlianta do chuid mhaith tuismitheoirí agus teaghlach, agus do chuid mhaith acu, soláthraíonn an réamhscolaíocht an chéad bhlaiseadh den timpeallacht oideachais.

- 3.8 Maoinítear an Clár Réamhscolaíochta Oideachais le bliain amháin d'oideachas réamhscolaíochta neamhéigeantach a sholáthar, seachadta de réir an churaclaim a dhéanann tógáil ar an fhoghlaim a fhaigheann páistí sa bhaile. Ní sholáthraítear é le freastal ar riachtanais chúram lae na dtuismitheoirí. Soláthraíonn sé meascán saibhir gníomhartha dúshlánacha súgartha agus eispéiris eile i dtimpeallacht spreagúil le cuidiú le páistí foghlaim agus forbairt agus lena n-ullmhú don bhunscoil.
- 3.9 Tá d'aidhm ag an Roinn chomh maith Gealltanas an Chláir Rialtais maidir le háiteanna réamhscolaíochta a chomhlíonadh, ach tá dúshlán ann go fóill maidir le próisis iontrála, éileamh, soláthar agus toilleadh. Is deis iontach oideachasúil do pháistí an-óga í rochtain a fháil ar áit mhaoinithe réamhscolaíochta. Tá gá le cur chuige marthanach i leith ardú na gcaighdeán sa tsoláthar lena chinntiú go mbíonn an t-oideachas a chuirtear ar fáil i gcónaí ar ardchaighdeán. Is gá chomh maith freagairt do líon méadaitheach na bpáistí réamhscolaíochta a bhfuil sainriachtanais oideachais nó riachtanais bhreise eile acu.
- 3.10 Tá seachadadh seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán sainaitheanta ina thosaíocht i gClár Rialtas an Fheidhmeannais agus tá gealltanas soiléir ann go mbunófar Údarás úr Oideachais agus Scileanna (ESA) in 2013. Trí chruthú ESA, tacófar le hobair na múinteoirí agus na gceannairí scoile agus na ndaoine sin atá ag obair i suíomhanna luathbhlianta le foras oideachais nua-aimseartha éifeachtúil gairmiúil a bheas dírithe ar chaighdeán an oideachais agus ar riachtanais na ndaoine óga againn. Is eochairthosaíocht a bheas san oideachas agus san fhoghlaim luathbhlianta ag ESA.

CREAT LEASAITHE

- 4.1 I ráiteas don Chomhthionól i mí Iúil 2012, leag an tAire Oideachais fothorthaí an chomhairliúcháin ar an dréacht-Straitéis Luathbhlianta (0-6) amach agus thug léiriú maidir leis an chur chuige a raibh sé le glacadh leis d'fhonn obair ar an oideachas luathbhlianta a chur chun cinn.
- 4.2 D'fhógair an tAire go nglacfadh sé le cur chuige dhá shnáithe i leith na luathbhlianta. Is é a bheadh sa chéad shnáithe, straitéis leasaithe a fhorbairt ina mbeadh fócas soiléir ar oideachas agus foghlaim sna luathbhlianta, dírithe ar a dtig leis an Roinn Oideachais a dhéanamh lena chinntiú go mbíonn páistí óga ullmhaithe, go bhfaigheann siad tacaíocht agus go spreagtar i mbun foghlama iad. Chuir an tAire in iúl go gcomhlánodh seo tacar de pholasaithe oideachais lena mbrúfar leasuithe oideachais chun cinn, le caighdeáin fhoriomlána a ardú agus leis an bhearna a dhruidim idir na daoine is mó agus is lú gnóthachtáil. Go comhthreomhar le forbairt na straitéise oideachais agus foghlama do na luathbhlianta, d'fhógair an tAire go mbeadh sé i dteagmháil lena chomh-Airí le fiosrú a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le comhoibriú méadaithe i dtaca le hidirghabháil luath, agus go bhféadfaí an creat úr um DSC a úsáid mar ghléas le tacaíocht bhreise a dhíriú ar na daoine sin is mó a bhfuil sí de dhíth orthu.
- 4.3 Soláthraíonn an creat Foghlaim na Foghlamtha fócas soiléir polasaí don Roinn agus d'ESA mar a mbeidh nasc soiléir ann idir an infheistíocht sna luathbhlianta agus tacaíocht do sheirbhísí ardchaighdeáin, ar fud réimse de sholáthróirí, d'fhonn torthaí níos fearr a sholáthar. Anuas air seo, soláthraíonn sé creat a fheabhsaíonn comhordú agus comhoibriú.

Fís agus Spriocanna

- 4.4 Le tacú le fís na Roinne Oideachais *"gach duine óg lánacmhainneacht a bhaint amach ag gach céim dá f(h)orbairt"*, léiríonn an creat an dá sprioc uileghabhálacha don oideachas:

- Caighdeán a ardú don uile dhuine
- An bhearna ghnóthachtála a dhruim, rochtain agus cothromas a mhéadú

Tá trí sprioc chumasaithe ann a chuideos le baint amach na spriocanna uileghabhálacha. Mar atá:

- Lucht saothair an oideachais a fhorbairt
- An timpeallacht foghlama a fheabhsú
- Rialú agus bainistiú an oideachais a athrú

Aidhm Fhoriomlán Polasaí don Oideachas agus don Foghlaim sna Luathbhlianta

4.5 Trí pholasaí uileghabhálach don oideachas agus don foghlaim luathbhlianta a leagan síos, a bheas ag teacht leis na tosaíochtaí foriomlána oideachais, soláthraítear creat soiléir do gach soláthar oideachais agus foghlama sna luathbhlianta. Gheofar soiléiriú fosta maidir le scóip na seirbhísí oideachais agus foghlama luathbhlianta a thiteann faoi théarmaí tagartha na Roinne Oideachais agus déanfar na naisc riachtanacha leis na seirbhísí sin a thiteann faoi théarmaí tagartha na ranna agus na n-áisiúneachtaí eile, RSSSP go háirithe. Seo a leanas aidhm uileghabhálach an pholasaí:

Go bhfaighidh gach páiste deiseanna cothrom le lánacmhainneacht a bhaint amach trí oideachas agus eispéiris foghlama ardchaighdeán sna luathbhlianta.

Cuspóirí an Pholasaí

4.6 Le tacú le haidhm an pholasaí, is é atá sna cuspóirí polasaí:

- rochtain chothromasach ar sheirbhísí oideachais agus foghlama ardchaighdeán sna luathbhlianta;

PHOTO REDACTED DUE TO THIRD PARTY RIGHTS OR OTHER LEGAL ISSUES

- tacú leis an fhorbairt phearsanta, shóisialta agus mhothúchánach, meon dearfach foghlama a chur chun cinn agus forbairt teanga, forbairt chognaíoch agus forbairt fhisiceach a fheabhsú sna páistí óga;
- eispéireas dearfach oiliúnach luathfhoghlama a sholáthar, mar aon le bonnsraith a leagan síos faoin ghnóthachtáil fheabhsaithe oideachasúil agus faoin fhoghlaim fadsaoil;
- bacainní roimh an fhoghlaim a shainaithint agus cuidiú le dul i ngleic leo, agus maolú a dhéanamh ar bhaol agus ar thionchar an eisiaimh shóisialta agus an ghá a bheadh le hidirghabhálacha ag tráth níos moille; agus
- tuismitheoirí a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh ina ról mar chéadoideachasóirí agus mar oideachasóirí leanúnacha.

Prionsabail an Oideachais agus na Foghlama Luathbhlianta

4.7 Tá na prionsabail a leanas mar bhonn is mar thaca faoi phleanáil agus faoi sheachadadh na seirbhísí oideachais agus foghlama sna luathbhlianta, mar aon leis an tsaothrú chomhoibritheach ar fud réimse de sheirbhísí agus d'earnálacha lasmuigh de théarmaí tagartha na Roinne Oideachais.

- Is é is eochairfhócas don tsoláthar, riachtanais oideachais agus foghlama luathbhlianta an uile pháiste - aithnítear agus bíodh meas ar thréithe agus ar riachtanais gach aon pháiste agus cuidíodh an t-oideachas agus an fhoghlaim luathbhlianta leis an pháiste forbairt go gcognaíoch, go mothúchánach, go fisiceach agus go sóisialta.
- Tosaíonn an t-oideachas agus an fhoghlaim ag an bhreith - aithnítear tábhacht na timpeallachta foghlama sa bhaile agus na n-eispéireas ginearálta a bhíonn ag páistí ón bhreith i leith, sa mhéid a chuidíonn na nithe seo le feabhsú na dtorthaí oideachais, agus tacaítear leis seo trí bheith ag obair i

gcomhpháirt le tuismitheoirí agus le cúramóirí nó is iad seo céadoideachasóirí agus oideachasóirí leanúnacha na bpáistí.

- Tá páistí agus a dteaghlach i dteideal seirbhísí agus deiseanna oideachais agus foghlama luathbhlianta atá ar ardchaighdeán agus a bheas aois-oiriúnaithe - á seachadadh i dtimpeallacht shábháilte chuimsitheach, á treorú ag lucht saothair oilte agus á meas i gcoinne caighdeán cáilíochta mar a n-aithnítear tábhacht an tsúgartha ann féin, agus mar uirlis oideolaíoch.
- Bíonn meas ar chearta páistí agus a dteaghlaigh - is tréimhse shuntasach leithleach atá sa luath-óige agus mar atá, ba cheart í a chothú, meas a léiriú uirthi, a luach a aithint agus tacaíocht a thabhairt di ina ceart féin agus mar gheall ar an bhonnraith shuntasach a thagann léi maidir le foghlaim todhchaí agus foghlaim fad saoil.
- Is tréithe éigeantacha iad an comhionannas deise agus an chuimsitheacht d'oideachas agus foghlaim luathbhlianta ardchaighdeán - cuirtear gníomhaíochtaí praiticiúla dúshlánacha, i dtimpeallacht spreagúil, ar fáil do gach páiste beag beann ar shainriachtanais oideachais, míchumas, inscne nó cúlra cultúrtha, creidimh, socheacnamaíoch nó teanga le cuidiú leo lánacmhainneacht a bhaint amach.
- Beidh ról tábhachtach ag comhoibriú idir an earnáil reachtúil, an earnáil dheonach agus gach earnáil ábhartha eile agus comhlachais ghairmiúla maidir le torthaí feabhsaithe a chinntiú do pháistí óga sna luathbhlianta - aithnítear go soláthraítear deiseanna eile foghlama agus forbartha do pháistí lasmuigh den oideachas maoinithe agus foirmeálta (amhail feighlíocht páistí agus cúram lae).

4.8 Cuireadh prionsabail Coinbhinsiún na NA ar Chearta an Linbh (UNCRC) agus ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCPRD) san áireamh agus an creat seo á

fhorbairt. Ba cheart leis an chreat seo, go mbeifí in ann cearta páistí a chur chun cinn agus go léireofaí príomhphrionsabail threoracha UNCRC agus UNCRPD.

Cad é atá de dhíth?

- 4.9 Is é atá san aidhm, sna cuspóirí agus sna prionsabail tacaíochta, creat lena dtig na bearta a leagan amach. Le go dtig torthaí feabhsaithe a sheachadadh, tá ceisteanna ann ar gá plé leo ar fud réimse na seirbhísí oideachais agus foghlama luathbhlianta agus tosóidh an Roinn ag cur na gníomhartha a leanas i bhfeidhm.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Spríoc Uileghabhálach	Caighdeán a Ardú do Chách
Toradh	Bainfidh gach páiste tairbhe as eispéireas oideachais agus foghlama luathbhlianta ar ardchaighdeán agus tógfaidh sé/sí meon dearfach i leith na foghlama breise.
Réasúnaíocht taobh thiar den Athrú	
<p>Ba cheart go mbeadh an Clár Oideachais Réamhscolaíochta dírithe ar pháistí atá sa bhliain dheireanach réamhscolaíochta. Tá de cheangal ar gach Bord Oideachais agus Leabharlann (na Boird), faoin reachtaíocht reatha (Ord Oideachais (TÉ) 1998) socruithe a dhéanamh le go dtig le tuismitheoir páiste a chónaíonn i gceantar de chuid an Bhoird roghnachas a léiriú (in ord roghnachais) maidir leis an scoil a bhfuil siad ag iarraidh go soláthrófaí oideachas réamhscolaíochta dá bpáiste inti; cuimsítear páistí dhá bhliain d'aois faoin cheanglas seo. Mar a aibhsíodh leis an Athbhreithniú ar na Socruithe Iontrála Réamhscolaíochta, fágann sé seo go mbíonn ar na Boird líon suntasach d'iarratais a phríoiseáil do pháistí dhá bhliain d'aois nach bhfaigheann áit mar go dtugtar tús áite do na páistí spriocaoise. D'fhéadfadh sé, faoi na socruithe reatha, nach mbeadh roinnt páistí spriocaoise in ann áit réamhscoile a fháil i soláthar reachtúil. D'fhéadfadh sé nach mbeadh soláthar do pháistí réamhbhliana agus páistí dhá bhliain d'aois fóirsteanach ó thaobh an oideachais de agus, tríd an tsoláthar seo a bhaint ar shiúl, tiocfaidh soiléire maidir leis an phleanáil ar bhonn ceantair amach anseo.</p> <p>Tá aibhsithe leis na torthaí cigireachta, cé go mbíonn caighdeán foriomlán an tsoláthair réamhscolaíochta iontach maith, go bhfuil go fóill éagsúlachtaí ann ó sholáthróir go soláthraí, agus ceisteanna ann maidir le: ceannasaíocht agus bainisteoireacht, comhoibriú le tuismitheoirí, caighdeán na tacaíochta seachtraí curtha ar fáil ag na speisialtóirí luathbhlianta, fóirsteanacht na réamhbhliana agus an t-aistriú ón réamhscolaíocht go dtí an bhonnchéim.</p> <p>Tá gá le naisc churaclaim níos láidre ag gach pointe aistrithe, mar shampla, Clár Forbartha Sure Start do Pháistí 2-3 Bliana d'Aois/Clár Oideachais Réamhscolaíochta/Bonnchéim, le go dtig leanúnachas a chinntiú maidir le heispéiris foghlama na bpáistí.</p> <p>Dírítear próiseas cigireachta an ETI i láthair na huaire ar an Chlár Oideachais Réamhscolaíochta agus ní chlúdaítear Sure Start nó aon seirbhísí eile tacaíochta do na luathbhlianta atá maoinithe ag RÓ.</p> <p>Ní bhaineann Gach Scoil ina Scoil Mhaith ach le scoileanna amháin; níl aon chóras foirmeálta idirghabhála comhionann i bhfeidhm do shuíomhanna neamhreachtúla.</p> <p>Léiríodh leis an Athbhreithniú ar an Ghaeloideachas gur cheart taighde ar na torthaí oideachasúla a bhaineann leis na cineálacha éagsúla d'eispéiris réamhscolaíochta trí mheán na Gaeilge a thabhairt chun tosaigh, agus gur cheart go gcinnteodh an Roinn go ndéantar breithniú córasach ar an Ghaelscolaíocht ar feadh fhorbairt an pholasáí.</p>	

PHOTO REDACTED DUE TO THIRD PARTY RIGHTS OR OTHER LEGAL ISSUES

Eochairbheart		Amscála
<p>1.1 Déanfaidh an Roinn ath-shainmhíniú ar an Chlár Réamhscolaíochta Oideachais le díriú ar pháistí sa bhliain dheireanach réamhscolaíochta trí:</p>	<p>a) Reachtaíocht³ a thabhairt isteach le hidirdhealú a dhéanamh ar sholáthar réamhscolaíochta do pháistí ina mbliain dheireanach réamhscolaíochta agus ar sholáthairtí eile; le cinntiú nach mbaineann na próisis rollaithe le hiontráil go hoideachas réamhscolaíochta, ach do pháistí atá ar a laghad 3 bliana agus 2 mhí d'aois.</p> <p>I gcás go bhfuil Náiscoil nó Aonad Náiscolaíochta in easnamh suibscríofa, déanfar breithmheas ar an leibhéal easnaimh sa mheasúnú ar an ghá le háiteanna réamhscolaíochta thar na tacair go léir ar bhonn ceantair. Déanfar breithmheas de réir cás ar na himpleachtaí maoinithe agus inmharthanachta. Beidh náiscoileanna agus aonaid náiscoile go fóill in ann seirbhísí a sholáthar do pháistí dhá bhliain d'aois agus dá dteaghlach, lasmuigh den Chlár Oideachais Réamhscolaíochta, ach ní ghlacfar leis na páistí mar dhaltaí.</p> <p>b) Forbróidh an Roinn roghanna féideartha le haghaidh clár a d'fhéadfadh feidhmiú thar réimse tacar maoinithe réamhscolaíochta do pháistí dhá bhliain d'aois, faoi réir éilimh agus acmhainne. Socrófar na roghanna trí rannpháirtíocht dhíreach leis na heochairgheallsealbhóirí. Cuirfear an clár i bhfeidhm in am le go dtagraíonn sé do réimse athshainithe aoise le haghaidh iontrála chuig oideachas réamhscolaíochta.</p> <p>c) Reachtaíocht³ a thabhairt isteach le bunskoileanna a chosc ar ghlacadh le páistí sna ranganna réamhbhliana. I dtéarmaí scoileanna le ranganna réamhbhliana nach gcuimsíonn páistí níos sine, beidh ar an údarás bainistíochta breithmheas a dhéanamh ar cé acu ar chóir nó nár chóir dóibh moladh forbartha, atá ag teastáil faoi Alt 14 den Ord Oideachais agus Leabharlann (TÉ) 1986, a thabhairt chun tosaigh, sular féidir athrú suntasach a dhéanamh do scoil, m.s. rang naíonáin páirtaimseartha a bhunú sa chás go raibh rang réamhbhliana ag feidhmiú. Cuirfear an moratóir ag 1.9a i bhfeidhm.</p>	<p>Tosóidh cur i bhfeidhm na ngníomhartha ón dáta foilseacháin.</p>

3 Faoi réir an phróiseas reachtaíochta.

Eochairbheart	Amscála
<p>1.2 Cinnteoidh an Roinn go dtógfar níos éifeachtaí ar an oideachas agus ar na heispéiris foghlama atá faighte ag páistí cheana leis na heispéiris sa bhunscoil, trí:</p>	<p>a) An Bhonnhéim a leathnú le dhá chéim a chuimsiú. Bliain neamhéigeantach (réamhscolaíocht) agus dhá bhliain éigeantacha (bunscoil) le cuidiú le tacuithe réamhscolaíochta agus le bunscóileanna naisc níos fearr a fhorbairt idir curaclam reachtúil na mbunscóileanna agus na curaclaim reachtúla réamhscolaíochta⁴.</p> <p>b) Ábhair treorach, faisnéise agus tacaíochta a fhorbairt do thuismitheoirí, do theaghligh agus do chleachtóirí maidir le hullmhú agus bainistiú an aistrithe ón bhaile chuig an Bhonnhéim shínte agus ar aghaidh chuig Eochairchéim 1.</p> <p>c) Taighde a choimisiú nó ar thorthaí oideachais na réamhscolaíochta trí mheán na Gaeilge mar atá leagtha amach san Athbhreithniú ar an Ghaeloideachas.</p>
<p>1.3 Cuirfidh an Roinn prionsabail Gach Scoil ina Scoil Mhaith i bhfeidhm i ngach soláthar luathbhlianta atá maoinithe ag RO trí:</p>	<p>a) A chinntiú go mbíonn gach seirbhís a mhaoiníonn RO san aoisraon 0-6 faoi réir próiseas críochnúil ceantarbhunaithe cigireachta, lena n-áirítear Clár Forbartha Sure Start do Pháistí 2-3 Bliana d'Aois, agus gach seirbhís ábhartha tacaíochta don réamhscolaíocht.</p> <p>b) Prótacail a fhorbairt faoi choinne tacaíochta agus idirghabhála a chuirtear ar chomhréim don GSISM, mar a bhfuil caighdeán an tsoláthair easnamhaigh i dtacair luathbhlianta, neamhreachtúil, maoinithe ag an RO. Forbrófar prótacail le tacair a chinntiú ó thaobh caighdeáin de sula dtosaíonn siad leis an Chlár Oideachais Réamhscolaíochta.</p>

4 Faoi réir an phróisis reachtaíochta.

<p>Spríoc Uileghabhálach</p>	<p>An bhearna ghnóthachtála a dhruidim, rochtain agus cothromas a mhéadú</p>
<p>Toradh</p>	<p>Gach páiste ag dul chun cinn agus ag forbairt ar bhonn cothromasach, agus tacaíocht fhóirsteanach ar fáil do na páistí sin a bhfuil bacainní idir iad agus an fhoghlaim.</p>
<p>Réasúnaíocht taobh thiar den Athrú</p>	
<p>Tá aibhsithe, le torthaí cigireachta agus aiseolas ó chleachtóirí luathbhlianta, leitheadúlacht na scileanna tearcfhorbartha sóisialta, mothúchánacha, cumarsáide agus teanga i measc páistí óga i gcomparáid le leibhéil ionchais forbartha.</p> <p>Tá na moltaí don Athbhreithniú ar Shainriachtanais Oideachais agus Cuimsiú dírithe ar shainaitint, measúnú agus idirghabháil luath. Beifear ag dúil le go bhfreastalóidh gach suíomh réamhscolaíochta maoinithe, laistigh den tsuíomh, ar riachtanais na bpáistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu agus/ nó atá faoi mhíchumas ag Leibhéal 1 den chreat úr Sainriachtanais Oideachais, agus, le tacaíocht nó treoir ón Bhord, ag Leibhéal 2. Cuirfear ráiteas i bhfeidhm, faoi riocht plean tacaíochta comhordaithe, do na páistí sin a bhfuil sé de dhíth orthu ag Leibhéal 3. Is é is aidhm le clár píolótach na luathbhlianta, arna thionscnamh ag an athbhreithniú, acmhainneacht na suíomhanna luathbhlianta a fheabhsú maidir le riachtanais na bpáistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu a shainaitint agus a mheas agus freastal a dhéanamh orthu agus, sa chás nach bhféadfadh an suíomh ann féin freastal a dhéanamh ar na riachtanais, tacaíocht a iarraidh ar an Bhord/ESA. Bainfear feidhm as breithmheas ar an chlár píolótach mar bhonn eolais faoi shamhail todhcháí den dea-chleachtas SEN, le luath-idirghabháil, measúnú agus soláthar a chur ar fáil ar fud na suíomhanna luathbhlianta.</p> <p>Tá an Clár dírithe Sure Start ceantarbhunaithe; ní hamhlaidh atá riachtanais na bpáistí agus a dteaghlai. Díritear an Clár Forbartha de chuid Sure Start do Pháistí 2-3 Bliana d'Aois ar thart ar 12 páistí le gach clár. Níl aon mheastóireacht ghinearálta déanta ar an dóigh a mbíonn Sure Start ag feidhmiú i dtuaisceart na hÉireann, lena n-áireofaí athbhreithniú ar bith ar an dóigh a bhfuil sé ag teacht go straitéiseach agus go hoibríochtúil le hoideachas nó le tosaíochtaí níos leithne an Fheidhmeannais.</p> <p>Tá an maoiniú do na Scoileanna Seirbhísí Breise, arb é is aidhm leis seirbhísí breise a chur ar fáil do pháistí a bhfuil bacainní idir iad agus an fhoghlaim mar gheall ar an mhíbhuntáiste, ar fáil do naiscoileanna reachtúla agus d'aonaid, ach ní do sholáthróirí deonacha nó príobháideacha a bhfuil áiteanna maoinithe iontu agus a d'fhreagródh chomh maith do chritéir chomhchosúla.</p> <p>Tá gá le cur chuige i bhfad níos comhordaithe i leith phleanáil agus sholáthar na seirbhísí luath-idirghabhála do pháistí agus teaghlai atá á maoiniú, á stiúradh agus á seachadadh ag réimse de ranna, d'áiseachtaí agus de sholáthróirí neamhreachtúla, le huasmhéadú a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil.</p> <p>Tá gá le haithint má tá tuismitheoirí laistigh de ghrúpaí nó ceantair ar leith nach bhfuil ag cur isteach ar áit réamhscolaíochta nó má tá tuismitheoirí nach bhfuil ag dul ar aghaidh go céim 2 den phróiseas admhála, d'fhonn rátaí roghnaithe a uasmhéadú agus an gá le for-rochtain a aithint.</p>	

Eochairbheart	Amscála
<p>1.4 Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar an dóigh a ndéantar seirbhísí oideachais agus foghlama luathbhlianta a dhírú go héifeachtach le dul i ngleic le bacainní roimh an fhoghlaim agus le rochtain ar an chothromas a fheabhsú trí:</p>	<p>Tosóidh cur i bhfeidhm na ngníomhartha ón dáta foilseacháin.</p>
<p>a) Úsáid mhaoiniú na scoileanna seirbhísí breise a athdhírú faoi choinne náiscoilleana agus aonaid náiscoilleana a thagraíonn do na critéir cháilitheachta le cinntiú go gcuidíonn an tacaíocht bhreise le scileanna tearcfhorbartha sóisialta, mothúchánacha, cumarsáide agus teanga i measc páistí óga a shainathint agus le dul i ngleic leo.</p>	
<p>b) Critéir a bhunú, cosúil leo sin a úsáidtear do na scoileanna seirbhísí breise, le go mbeidh suímh dheonacha agus príobháideacha sa Chlár Oideachais Réamhscolaíochta in ann teacht ar acmhainní breise i gcomhréir leis an mhéid a fhaigheann siad in aghaidh gach áite. Beidh an maoiniú de bhreis ar an maoiniú reatha do na scoileanna seirbhísí breise atá curtha ar fáil do thacair reachtúla agus a ba chóir a úsáid chun scileanna sóisialta, mothúchánacha, cumarsáide agus teanga faoifhorbartha páistí óga a aithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu.</p>	
<p>c) Athbhreithniú ar an Chlár Sure Start a threorú, le hionchur ón RSSSSP, le measúnú a dhéanamh ar an mhéid a chuidíonn an infheistíocht maidir le torthaí folláine agus forbartha feabhsaithe a chinntiú do pháistí agus do theaghlach sna ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Déanfaidh an t-athbhreithniú breithmheas ar riachtanais na ndaoine atá ag baint úsáide as na seirbhísí agus moltaí a dhéanamh ar an ghá atá le critéir iontrála a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh an mhuintir sin is mó a bhfuil na seirbhísí de dhíth orthu ábalta teacht i dtír orthu.</p>	
<p>d) Roghanna féideartha a fhorbairt maidir le clár faoi choinne páistí dhá bhliain d'aois / trí bliana d'aois a leathnú agus leanúint ó thorthaí an athbhreithnithe ar Sure Start, a chuimseoidh an gá le critéir iontrála.</p>	<p>I ndiaidh an athbhreithnithe ar Sure Start.</p>
<p>e) Monatóireacht a dhéanamh ar roghnúchán agus ar chur i gcrích na ndeiseanna oideachais agus foghlama luathbhlianta i measc páistí atá i mbaol an eisiaimh, lena n-áirítear páistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu agus/nó atá faoi mhíchumas, páistí a dtugtar aire dóibh, páistí den lucht siúil agus páistí de theaghlach núíosacha agus teaghlach a bhfuil cónaí orthu i gceantair tuaithe.</p>	<p>Tosóidh cur i bhfeidhm na ngníomhartha ón dáta foilseacháin.</p>
<p>f) Faoi réir na moltaí a eascrós as an mheastóireacht ar na cláir phíolótacha reatha sna suímh luathbhlianta a tionscnaíodh ag an Athbhreithniú ar Shainriachtanais Oideachais agus Cuimsiú, déan breithmheas ar an ghá leis na píolótaí seo a shíniú, a bhfuil sé mar aidhm acu an rochtain ar thacaíocht speisialaithe a fheabhsú agus acmhainneacht a thógáil ar fud na suíomhanna réamhscolaíochta.</p>	<p>I ndiaidh na meastóireachta.</p>

Eochairbheart		Amscála
1.5 Beidh an Roinn ag obair i gcomhpháirt le ranna eile i dtreo comhsprice, mar atá, torthaí a fheabhsú do pháistí, trí:	a) Deiseanna a shainaitheint ar bhonn gníomhach mar a dtig infheistiú a dhéanamh ar bhonn comhpháirteach le RSSSSP, RFS, an Roinn Dlí is Cirt agus OCALCA, faoin chreat DSC, i gcláir fianaise-bhunaithe idirghabhálteaghlaiigh/tuismitheoireachta a phleanálfar, a choimisiúnófar agus a mheasfar trí struchtúir chúí sheachadta.	Tosóidh pleanáil ón dáta foilseacháin.
	b) Feabhsú a dhéanamh ar chomhordú an tseachadta seirbhíse do theaghlaiigh ar leith trína chinntiú go dtacófar le comhtháthú seirbhísi/lucht saothair an oideachais agus na foghlama luathbhlianta leis na Moil Tacaíochta Teaghlaiigh de chuid RSSSSP agus leis na struchtúir tacaíochta teaghlaiigh de chuid fhoirne Luathbhlianta an Iontaobhais Sláinte agus Cúraim Shóisialta.	

Sprioc Chumasúcháin	Lucht Saothair an Oideachais a fhorbairt
Toradh	Na scileanna, na hinniúlachtaí agus an tacaíocht iomchuí a bheith ag an lucht saothair le go dtig seirbhísí éifeachtacha oideachais agus foghlama luathbhlianta a sheachadadh don uile pháiste, dá dtuismitheoirí agus dá dteaghlach.
Réasúnaíocht taobh thiar den Athrú	
<p>Tá ceisteanna tógtha, le torthaí cigireachtaí, maidir le ceannasaíocht agus bainisteoireacht agus caighdeán an tsoláthair, caighdeán agus éifeachtacht fhoriomlán ar fud réimse de shuíomhanna luathbhlianta.</p> <p>Tá aibhsithe chomh maith le torthaí cigireachta go bhfuil go fóill éagsúlachtaí ann maidir le caighdeán na tacaíochta seachtraí a sholáthraíonn speisialtóirí do shuíomhanna deonacha agus príobháideacha. Tá gá le gach suíomh laistigh de na hearnálacha reachtúla agus deonacha a bheith ag saothrú níos comhoibrithí, dea-chleachtas a scaipeadh, uasmhéadú ar shaineolas agus ar thaithí na múinteoirí cáilithe, agus tógáil ar acmhainneacht agus breisfhorbairt a dhéanamh ar inniúlachtaí ar fud an lucht saothair.</p> <p>Táthar i ndiaidh ceisteanna a thógáil maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach agus laethanta eisceachtúla druidte do shuíomhanna neamhreachtúla, nó is ionann na laethanta seo faoi láthair agus níos lú ná na suíomhanna reachtúla; is féidir go mbíonn tionchar aige seo ar acmhainneacht na suíomhanna seo tabhairt faoi oiliúint bhreise.</p> <p>Tá RSSSP i ndiaidh Íoschaighdeán úra a thabhairt isteach ar na mallaibh maidir le Feighlíocht Páistí agus Cúram Lae do Pháistí Faoi Bhun 12. Baineann siad seo le gach suíomh cúraim pháistí cláraithe, lena n-áirítear gach suíomh deonach agus príobháideach maoinithe sa Chlár Oideachais Réamhscolaíochta agus seirbhísí ábhartha Sure Start.</p> <p>Trasnaíonn riachtanais na bpáistí teorainneacha eagraíochtúla, go háirithe idir na seirbhísí sláinte, oideachais agus sóisialta. Tá tábhacht an oibríthe ildisciplínigh agus iláiséineachta, mar aon le dea-chumarsáid agus comhroinnt éifeachtach na faisnéise, éigeantach sa mhéid a bhaineann siad le comhsprioc na dtorthaí feabhsaithe don uile pháiste agus dá dteaghlach.</p>	

Eochairbheart		Amscála
<p>1.6 Bunóidh an Roinn meicníochtaí tacaíochta iomchuí leis na caighdeáin soláthair réamhscolaíochta is airde a bhaint amach trí chomhoibriú agus trí dhea-chleachtas a scaipeadh trí:</p>	<p>a) Roinnt Chnuasghrúpa Tacaíochta Oideachais Luathbhlianta a chruthú ar bhonn píolótúil, le caighdeáin a ardú trí úsáid mhéadaithe a bhaint as an saineolas teagaisc i naiscoileanna, in aonaid naiscoile, i scoileanna speisialta, saineolas i measc na soláthraithe ábhartha eile agus na speisialtóirí luathbhlianta. beidh 2 chnuasghrúpa ar a laghad i ngach ceantar boird agus ceann eile a d'fhéadfadh a bheith sainiúil don Ghaeloideachas, Anuas air seo, Soláthróidh na cnuasghrúpaí deis dea-chleachtas a roinnt i dtéarmaí straitéisí rathúla le haghaidh rannpháirtíochta tuismitheoirí.</p>	<p>Tosóidh pleanáil ón dáta foilseacháin. Le bheith i bhfeidhm don bhliain acadúil 2014/15.</p>
	<p>b) 'Ciste um Shármhaitheas sa Luathoideachas' a bhunú le síolmhaoiniú/maoiniú breise a sholáthar do na cnuasghrúpaí le comhoibriú méadaithe a dhreasú agus le tacú leis na héilimh bhreise a bheas ar an chnuasghrúpa ceannais, go mbeadh, go hidéalach 'ar fheabhas' faighte aige ón ChOO (ETI) sa chigireacht is déanaí.</p>	
	<p>c) Teagmháil a dhéanamh le RSSSSP maidir leis na cáilíochtaí atá ábhartha don oideachas agus don fhoghlaim luathbhlianta i láthair na huaire, go háirithe maidir le litearthacht agus le huimhearthacht.</p>	<p>Tosóidh pleanáil ón dáta foilseacháin.</p>
	<p>d) Clár forbartha gairmiúla leanúnach a fhorbairt do phríomhoidí, do mhúinteoirí agus do bhaill foirne i suímh réamhscolaíochta maoinithe lena ndíreofar ar fhoghlaim spráil, mar aon le ceannasaíocht agus le bainisteoireacht. Chomh maith leis seo, forbrófar traenáil le haghaidh Coistí Bunaithe do thacair maoinithe réamhscolaíochta.</p>	<p>Le bheith i bhfeidhm don bhliain acadúil 2014/15.</p>
	<p>e) Athbhreithniú a dhéanamh ar líon na laethanta forbartha ar fáil do thacair neamhrechtúla laistigh den Chlár Oideachais Réamhscolaíochta le haghaidh traenála agus forbartha foirne.</p>	<p>Tosóidh pleanáil ón dáta foilseacháin.</p>

Eochairbheart	Amscála
<p>1.7 Beidh an Roinn ag comhoibriú le RSSSSP le prótacail a fhorbairt d'fhorais seachadta le go dtig comhroinnt na faisnéise, luath-shainaitint agus seirbhísí idirghabhála a bhreisiú do pháistí agus do theaghlaigh atá i mbaol, agus le hathbheithniú a dhéanamh ar riachtanais chomhpháirteacha oiliúna idir disciplíní mar aon leis an chumarsáid idirghairmiúil a fheabhsú.</p>	<p>Tosóidh pleanáil ón dáta foilseacháin. Prótacail le bheith forbartha faoi dheireadh 2014.</p>

PHOTO REDACTED DUE TO THIRD PARTY RIGHTS OR OTHER LEGAL ISSUES

<p>Spríoc Chumasúcháin</p>	<p>Timpeallacht Foghlama an Pháiste a Fheabhsú</p>
<p>Toradh</p>	<p>Seirbhísí ardchaighdeán oideachais agus foghlama, á seachadadh i dtimpeallacht shábháilte, oiliúnach insroichte i gcomhpháirt le tuismitheoirí agus le cúramóirí, nó is iadsan céadoideachasóirí agus oideachasóirí leanúnacha na bpáistí.</p>
<p>Réasúnaíocht taobh thiar den Athrú</p>	
<p>Ní hionann patrún an tsoláthair nó fad an tseisiúin i ngach suíomh réamhscolaíochta nó bíonn raon d'idir 2.5 uair agus níos lú ná 4.5 uair (páirtaimseartha gan bhéile) agus 4.5 uair agus níos mó (lánaimseartha, le béile) sa lá. Leis an fhianaise atá ar fáil ón tSoláthar Éifeachtach Réamhscolaíochta i dtÉ (EPPNI), ní bhfuarthas aon difríocht sho-bhraite maidir le forbairt chognaíoch páistí ag tús na bunscolaíochta idir na páistí sin a bhí lánaimseartha agus na páistí a d'fhreastail ar bhonn páirtaimseartha, cé go n-iarrtar go rialta ar an Roinn moltaí forbartha a fhaomhadh do sholáthar úr lánaimseartha nó tiontuíthe ó sholáthar páirtaimseartha go dtí soláthar lánaimseartha. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an tseasamh i dtaca le soláthar lánaimseartha.</p> <p>Faoi na socruithe um Bhainistíocht Áitiúil na Scoileanna, tá sé faoi Bhoird Ghobharnóirí agus Príomhoidí pleanáil a dhéanamh agus an úsáid is éifeachtaí is féidir a bhaint as acmhainní i gcomhréir lena riachtanais agus lena dtosaíochtaí féin, lena n-áirítear leibhéal foirne a shocrú. Is ionann an cóimheas i láthair na huair i naiscoileanna reachtúla agus in aonaid naiscoile agus 1:13, go hiondúil múinteoir amháin agus cúntóir naiscoile in aghaidh gach 26 dalta; bíonn páistí ag teacht isteach agus sainriachtanais oideachais acu agus riachtanais bhreise eile, agus faoin Chód Cleachtais reatha agus faoin Chód atá beartaithe maidir le Sainaitheint agus Meastóireacht na Sainriachtanas Oideachais, bíonn de cheangal ar shuíomhanna sainaitheint agus meastóireacht a dhéanamh agus an soláthar is gá a chur ar fáil le freastal ar riachtanais. Tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhóirsteanacht an chóimheasa seo i bhfianaise leitheadúlacht mhéadaithe na bpáistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu agus/nó atá faoi mhíchumas in earnáil na réamhscolaíochta.</p> <p>Is ionann an t-uaslíon rollaithe do ranganna i suíomhanna reachtúla naiscoile i láthair na huair agus 26, mhol an tAthbhreithniú ar Shocruithe Iontrála Réamhscolaíochta in 2012 athbhreithniú a dhéanamh ar an líon seo, d'fhonn níos mó solúbthachta a thabhairt isteach sa chóras.</p> <p>Tá réimse d'áisíneachtaí reachtúla agus d'eagraíochtaí deonacha, carthanachta agus pobail gníomhach agus éifeachtach maidir le bheith ag comhoibriú le tuismitheoirí, agus tá ról ceannais ag RSSSSP maidir le tuismitheoireacht, is ionann ról na Roinne Oideachais ó thaobh na tuismitheoireachta de agus a chinntiú go dtuigeann tuismitheoirí luach an oideachais agus go mbítear ag tacú leo mar chéadoideachasóirí agus mar oideachasóiríleanúnacha a bpáistí. Bíonn gá i gcónaí le cláir tacaíochta a thairiscint do thuismitheoirí, go háirithe an mhuintir sin atá i mbaol nó teaghlaigh ar doiligh dul i bhfeidhm orthu, le timpeallacht foghlama thacúil a sholáthar sa bhaile agus le tuismitheoirí a spreagadh le bheith ina gcomhpháirtithe níos gníomhaí in oideachas a bpáistí.</p>	

D'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht de dhíth ar chleachtóirí le feabhsú a dhéanamh ar an dóigh a dtiocfadh leo bheith ag comhoibriú níos éifeachtúla le tuismitheoirí, agus le foghlaim ó dhaoine eile faoin dea-chleachtas maidir le rannpháirtíocht tuismitheora.

Ní phléitear, le Lámhleabhar Foirgníochta na náiscoilleana, ach le méid, cruth agus leagan amach an tsoláthair náiscolaíochta amháin agus níl aon scóip ann maidir le húsáid níos leithne na bhfoirgneamh. Ní sholáthraítear C2k do náiscoilleana cé go bhfuil sé ar fáil in aonaid náiscoilleana laistigh de bhunscoilleana.

Cé gur faoi gach scoil atá sé cinneadh ar thréimhsí 'socraithe isteach', bíonn éagsúlachtaí sna tréimhsí seo ó shuíomh go suíomh agus bíonn roinnt tuismitheoirí ag gearán go mbíonn siad rófhada agus nach bhfuil bunús leis an fhad seo, i roinnt cásanna suas le 8 seachtaine. Bheadh barúil ag ETI dá mbeadh an tréimhse 'socraithe isteach' ag an fhoirceann is faide den scála agus nuair nach dtig aon idirdhealú a dhéanamh idir páistí leis na nósanna imeachta. Ba cheart níos mó aitheantais a thabhairt do na heispéiris eile réamhscolaíochta a bhíonn ag páistí, mar shampla, am a bheith caite acu i ngrúpa súgartha, crèche, Clár Forbartha Sure Start do Pháistí 2-3 Bliana d'Aois. Tá riachtanais an pháiste lárnach ach bíonn treoir de dhíth ar an cheist seo sa réamhscolaíocht agus i Rang 1 den Bhunscoil.

Eochairbheart		Amscála
<p>1.8 Déanfaidh an Roinn an Clár Réamhscolaíochta Oideachais a leasú lena chinntiú go mbainfidh gach páiste spriocaoise tairbhe as eispéreas cothromasach réamhscolaíochta trí:</p>	<p>a) Solúbthacht shealadach a thabhairt isteach maidir le toise ranga i náiscoilleana agus in aonaid náiscoille suas go dtí uasmhéid ranga de 30 (i gcomhréir leis na socruithe reatha sa Bhonnchéim) sa chás go mbeadh an scoil róshuibscríofa le páistí spriocaoise, gur páistí spriocaoise a bheadh sna páistí breise uilig, agus go mbeadh Bord na nGobharnóirí agus an t-Údarás Bainistíochta sásta go bhfuil an t-áitreabh agus na struchtúir foirne in ann don mhéadú agus gur féidir leo an cóimheas 1:13 a choinneáil. Tá seo ceaptha le solúbthacht éigin a cheadú, in aghaidh an ranga, nuair a lorgaíonn an scoil í agus nuair a údaraíonn na BOLanna/ESA í. Seachas sin, fanfaidh an t-uasthoise ranga ag 26 agus fillfidh an toise ranga údaraithe go 26 ag deireadh na scoilbhliana. Maoiníofar áiteanna údaraithe breise ar bhonn coibhéiseach in aghaidh an dalta.</p>	<p>Tosóidh pleanáil ón dáta foilseacháin. Le bheith i bhfeidhm don bhliain acadúil 2014/15.</p>
	<p>b) Píolótú a dhéanamh ar imlonnú na gcúntóirí breise náiscoille i náiscoilleana agus in aonaid náiscoille le méadú a dhéanamh ar na cóimheasa foirne le páistí. Agus an beart seo á thabhairt chun cinn, beidh an Roinn ag obair go díreach le príomhoidí náiscoille agus bunscoille leis an chlár píolótach seo a fhorbairt.</p>	<p>Tosóidh pleanáil do na píolótaí le linn na bliana acadúla 2013/14.</p>
	<p>c) Treoir a eisiúint maidir le laghdú a dhéanamh ar fhad na dtréimhsí 'socruithe isteach' sa réamhscoil agus i Rang 1 le heispéreas a bhí ag daltaí a chur san áireamh. I gcónaí, beidh gá le solúbthacht i dtaca le roinnt cásanna nó imthosca, ach is í an fhor-aidhm ná cinntiú go socraítear gach páiste isteach ag an réamhscolaíocht agus ag Bliain 1 a luaithe agus is féidir ó thús Mheán Fómhair gach bliain.</p>	<p>Eiseofar treoir don bhliain acadúil 2014/15.</p>

Eochairbheart		Amscála
1.9 Déanfaidh an Roinn, thar am, caighdeánú ar phatrúin freastail mar chuid den Chlár Réamhscolaíochta Oideachais trí:	<p>a) Moratóir a chur i bhfeidhm maidir le haon soláthar úr nó breise lánaimseartha nó tiontú ó pháirtaimseartha go dtí lánaimseartha (arb é is sainmhíniú dó níos mó ná 4.5 uair) sula ndéanfar athbhreithniú ar na leibhéil reatha den tsoláthar lánaimseartha, ar thaighde reatha agus ar riachtanais na ndaltaí ar a bhfuil sé ag freastal.</p> <p>b) Measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí agus ar na roghanna féideartha maidir le patrúin chaighdeánaithe d'fhreastal mar chuid den bhreithniú níos leithne ar an phleanáil cheantarbhunaithe don tsoláthar réamhscolaíochta.</p>	Ón ndáta foilseacháin.
1.10 Glacfaidh an Roinn le cur chuige ceantarbhunaithe i leith bhainistiú an eastáit luathbhlianta agus déanfar breithniú ar úsáid bharrmhaith na n-áitreabh trí:	<p>a) Athbhreithniú a dhéanamh ar an Lámhleabhar Foirgníochta do Náiscoilleana leis an ghá breise do rannpháirtíocht tuismitheora agus pobail a léiriú, mar aon leis an chóiríocht, an spás, an troscán agus na háiseanna atá agus a bheidh ag teastáil sa chomhthéacs reatha oideachais agus i gcomhthéacs oideachais an todhcháí.</p> <p>b) Measúnú a dhéanamh ar riachtanais infrastruchtúir TFC na náiscoilleana agus ar riachtanais bhainteacha ar bith a bheadh ag suíomhanna neamhrechtúla réamhscolaíochta a fhaigheann maoiniú ón RO.</p>	Tús obair le tosú ón dáta foilseacháin.

Spríoc Chumasúcháin	Rialú agus Bainistiú an Oideachais a Athrú
Toradh	Go mbeidh seirbhísí foghlama agus oideachais luathbhlianta nua-aimseartha, cuntasach agus páiste-lárnaithe agus go ndéanfar iad a sheachadadh go héifeachtúil éifeachtach i gcomhréir le polasaí RO.
Réasúnaíocht taobh thiar den Athrú	
<p>Tá Grúpaí Comhairleacha Réamhscolaíochta (PEAGs) éagsúla i ngach ceann de na 5 Bhord, agus tá a dtéarmaí tagartha fócasaithe ar an Chlár Oideachais Réamhscolaíochta. Tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar ról na PEAGs agus ar ról na mBord/ESA maidir leis na Comhpháirtíochtaí Cúraim Pháistí a bhainistíonn Sure Start.</p> <p>Níl aon chóras foriomlán ann le faisnéis a bhailiú, a scagadh agus a bhainistiú maidir le seirbhísí maoinithe oideachais agus foghlama luathbhlianta do pháistí suas go dtí aois éigeantach scolaíochta.</p> <p>Tá gá le dlúthchomhoibriú idir na Boird/ESA agus an Roinn lena chinntiú go dtabharfar na bearta atá molta san Athbhreithniú ar Shocruithe Iontrála Réamhscolaíochta chun tosaigh.</p> <p>Soláthraítear maoiniú i láthair na huaire do réimse d'eagraíochtaí atá ag seachadadh seirbhísí luathbhlianta thar ceann RO agus bíonn éagsúlachtaí ann maidir leis na socruithe cuntasachta, ag brath ar an earnáil agus idir na hearnálacha. D'fhéadfadh tuismitheoirí achomharc a lorg ó bhinse neamhspleách achomhairc le haghaidh iontrála i gcás iarratas ar áit réamhscolaíochta mhaoinithe i Náiscoil nó in Aonad Náiscolaíochta. Ní féidir leis na binsí ach breithmheas a dhéanamh ar cé acu ar chuireadh nó nár cuireadh na critéir iontrála i bhfeidhm ar an bhonn ceart. Má sheasann achomharc, d'fhéadfadh le scoil glacadh le páiste ar bhonn breise. Faoi láthair, níl aon cheart achomhairc i gcás iarratas chuig tacar maoinithe, neamhrechtúla réamhscolaíochta.</p>	

Eochairbheart		Amscála
1.11 Cinnteoidh an Roinn pleanáil, bainistiú agus seachadadh comhordaithe éifeachtach na seirbhísí oideachais agus foghlama luathbhlianta trí:	a) Polasaí agus tosaíochtaí luathbhlianta a shoiléiriú agus a chur in iúl lena chur ar chumas ESA an córas iontrála réamhscolaíochta a fheidmiú agus comhairle a sholáthar maidir le moltaí forbartha todhchaí i gcomhréir le polasaí RO.	Le tosú láithreach i ndiaidh bhunú ESA.
	b) Athbhreithniú a dhéanamh ar leorgacht na socrúithe reatha rialachais agus cuntasachta atá i bhfeidhm ar fud réimse na gclár maoinithe do na luathbhlianta atá ann i láthair na huaire. Déanfaidh an Roinn idirghabháil leis an RSSSSP faoin ghá le meicníocht achomhairc le haghaidh tacair neamhreachata réamhscolaíochta.	Le tosú ón dáta foilseacháin.
	c) Ceangal a chur ESA athbhreithniú a dhéanamh ar na socrúithe reatha maidir le seachadadh gach seirbhíse maoinithe réamhscolaíochta le huastairbhe a bhaint as an aon údarás, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar ról ginearálta PEAG agus a ról maidir leis na Comhpháirtíochtaí Cúraim Pháistí.	Le tosú láithreach i ndiaidh bhunú ESA.
	d) Ceangal a chur ar ESA Córas Faisnéis Bhainistíochta cuimsitheach a chruthú faoi choinne iontrálacha réamhscolaíochta, agus seirbhísí oideachais luathbhlianta atá maoinithe ag RO do pháistí suas go dtí aois éigeantach scoile.	
1.12 Cuirfidh an Roinn agus ESA i bhfeidhm gach beart eile ón Athbhreithniú ar Shocrúithe Iontrála Réamhscolaíochta atá dírithe ar chuíchóiriú agus ar shimpliú an chórais lena ndéantar measúnú ar áiteanna réamhscoile agus ar ardú chaighdeán.		Tá roinnt de na bearta faoi réir athruithe reachtaíochta, tá bearta eile sa tsiúl cheana.

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- 5.1 Rachaidh obair sa bhreis, lena n-áirítear rannpháirtíocht agus dialóg le geallsealbhóirí i dtionchar ar an amchlár feidhmithe. I bhfianaise na n-amanna riachtanacha sula dtabharfar isteach athruithe reachtúla agus treoir, mar aon leis an ghá le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe seachadta, cothromaithe leis an ghá le seasmhacht a chinntiú dóibh siúd a bhfuil oideachas luathbhlianta agus seirbhísí foghlamtha á seachadadh acu faoi láthair, socrófar cur i bhfeidhm iomlán ar bhonn cúramach thar an chéad dá bhliain eile.
- 5.2 Tosóidh obair ar réimse gníomhartha lena n-áirítear bearta a thabhairt chun tosaigh le caighdeáin a fheabhsú trí bhunú chnuasghrúpaí, an Bhonnchéim a shíneadh, an t-athbhreithniú ar Sure Start agus na hathruithe reachtúla a thabhairt chun tosaigh faoi réir fhaomhadh riachtanach⁵. Anuas air seo, tosóidh obair ar na gníomhartha le tabhairt isteach ag tús na bliana airgeadais agus ag tús na bliana acadúla, lena n-áirítear athfhócasú agus forbairt maoinithe na scoileanna seirbhísí breise, treoir athbhreithnithe a eisiúint do thacair luathbhlianta, agus solúbthacht shealadach a thabhairt isteach i dtaca le toise foriomlán ranga i dtacair neamhreachtúla réamhscolaíochta.

Cúrsaí Ama, Acmhainní agus Aistriú

- 5.3 Táthar ag dúil le go mbainfear cur i bhfeidhm iomlán amach faoi 2015/16. Agus na bearta á gcur i bhfeidhm, déanfar athbhreithniú ar bhuiséid reatha luathbhlianta, lasmuigh de LMS, d'fhonn aon mhaoiniú nach bhfuil ag teacht níos mó le haidhmeanna agus cuspóirí an chreata a athdháileadh. Beidh acmhainní breise ag teastáil lena chinntiú go gcuirfear na bearta i bhfeidhm ina n-iomláine. Déanfaidh an Roinn agus BOLanna/ESA na socruithe úra a chur i bhfeidhm.

Comhpháirtithe Seachadta

- 5.4 Beifear in ann, leis an aon fhoras amháin a bheas freagrach agus cuntasach as na seirbhísí oideachais agus foghlama ar fad atá á maoiniú ag RO, an réimse de sheirbhísí oideachais agus foghlama luathbhlianta a phleanáil agus a choimisiúnú go comhtháiteach. Rachaidh an Roinn i dteagmháil le réimse cleachtóirí, faoi phleanáil agus faoi chur i bhfeidhm na ngníomhartha éagsúla.

⁵ Faoi réir an phróiseas reachtaíochta.

Aguisín 1

SURE START, RÉAMHSCOLAÍOCHT AGUS AN BHONNCHÉIM 2012/13

Líon na suíomhanna réamhscolaíochta

Náiscoileanna Reachtúla	97
Aonaid Náiscoile Reachtúla	224
Suíomhanna deonacha/príobháideacha (áiteanna maoinithe réamhscolaíochta)	390
Líon iomlán na dtacar réamhscolaíochta	711

Líon na mBunscoileanna ina bhfuil an Bhonnchéim ar fáil	841
---	-----

Earnáil na Réamhscolaíochta - Miondealú ar dhaltaí agus ar ranganna de réir Boird agus cineál freastail - 2012/13

Cineál scoile	Cineál	Bord Oideachais agus Leabharlainne					Iomlán
		BOLB	BOLI	BOLOT	BOLOD	BOLD	
Deonach agus príobháideach	Líon iomlán na nDaltaí Maoinithe, PA	669	1398	2104	1872	2367	8410
	Líon iomlán na nGrúpaí, PA	45	86	128	113	130	502
Naíscóileanna	Daltaí lánaimseartha	1514	477	312	809	874	3986
	Daltaí Páirtaimseartha	0	313	1089	208	314	1924
	Líon Iomlán Daltaí	1514	790	1401	1017	1188	5910
	Ranganna Lánaimseartha	58	18	12	31	33	152
	Ranganna Páirtaimseartha	0	12	42	8	12	74
	Líon Iomlán Ranganna	58	30	54	39	45	226
Aonaid Naíscóile	Daltaí lánaimseartha	1271	1024	600	548	1627	5070
	Daltaí Páirtaimseartha	104	801	1087	1430	211	3633
	Líon Iomlán Daltaí	1375	1825	1687	1978	1838	8703
	Ranganna Lánaimseartha	49	39	23	21	62	194
	Ranganna Páirtaimseartha	4	31	42	55	8	140
	Líon Iomlán Ranganna	53	70	65	76	70	334

Foinse: Daonáireamh Scoile ThÉ

Páistí sa Bhonnchéim i mbunscoileanna 2012/13 - Rollú, páistí atá i dteideal béilí saora scoile (FSME), páistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu (SEN), núíosach

	Rollú	FSME	SEN Céim 1-5	Núíosach ¹
Rang 1	24871	7514	1846	1392
Rang 2	23592	7422	3675	1104
Iomlán	48463	14936	5521	2496
Céatadán de líon iomlán na ndaltaí atá sa Bhonnchéim		31%	11%	5%

Foinse: Daonáireamh Scoile ThÉ

Nóta:

- Is ionann dalta núíosach agus dalta atá rollaithe sa scoil ach nach bhfuil na scileanna teanga iomchuí aige/aici le bheith rannpháirteach go hiomlán i gcuraclam na scoile agus nach bhfuil teanga choiteann aige/aici féin agus ag an mhúinteoir, pé acu Béarla nó Gaeilge an teanga sin. Thugtaí Béarla mar Theanga Bhreise air seo roimhe seo. Ní bhaineann sé seo le daltaí dúchasacha a roghnaíonn oideachas trí mheán na Gaeilge.

Tionscadail Sure Start

Cúram Leanáí Ceantar Comhpháirtíochta	Líon na dTionscadal Sure Start	Líon na bPáistí Cláraithe
CCP an Oirthir (lontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta Bhéal Feirste)	9	5941
CCP an Oirthir (lontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Oirdheiscirt)	3	4181
CCP an Tuaiscirt	6	5316
CCP an Deiscirt	8	8866
CCP an Iarthair	9	10015
Iomlán	35	34319

Foinse: Bunachar Sure Start – Aibreán 2013

FIANAISE ÓN CHIGIREACHT OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Léiríodh an méid seo a leanas i dtuairisc an Phríomhchigire a chlúdaíonn an tréimhse ón 1 Aibreán 2010 go dtí an 30 Meitheamh 2012 agus a seoladh ar an 17 Deireadh Fómhair 2012:

- Measadh an éifeachtacht fhoriomlán in thart ar thrí cheathrú (76%) de na suíomhanna réamhscolaíochta a ndearnadh cigireacht orthu a bheith maith nó níos fearr;
- Measadh go raibh líon beag suíomhanna easnamhach;
- Tá méadú i ndiaidh teacht ar líon na suíomhanna deonacha agus príobháideacha ar cuireadh síos dóibh go raibh siad maith nó níos fearr ó 70% go dtí 73% ón tréimhse dheireanach tuairiscithe; san earnáil reachtúil, áfach, bhí titim bheag ann ó 85% go dtí 81%; agus
- Tá an ghnóthachtáil agus na caighdeáin maith nó níos fearr in 80% de na suíomhanna réamhscolaíochta a ndearnadh cigireacht orthu. I naiscoileanna, measadh an ghnóthachtáil agus na caighdeáin a bheith maith nó níos fearr in 88% de shuíomhanna, laghdú ó 94% cé go raibh méadú de 5% ann sna suíomhanna deonacha agus príobháideacha go dtí 78%.

Eochairtheachtaireachtaí ón Chigireacht ETI ar an tSoláthar Réamhscolaíochta

Caighdeán

- Faigheann bunús na bpáistí a fhreastalaíonn ar shuíomhanna réamhscolaíochta, beag beann ar an earnáil, eispéireas atá maith nó níos fearr d'oideachas réamhscolaíochta, rud a bhfuil ríthábhacht ag baint leis maidir lena n-oideachas agus lena leas ginearálta sa todhchaí;

- Sna suíomhanna atá idir maith agus ar fheabhas, bíonn an fhoireann i dteagmháil le réimse d'eagraíochtaí agus de ghairmithe eile agus, sa chleachtas is fearr, tá na suíomhanna seo i ndiaidh tosú de bheith ag saothrú níos comhoibrithí le soláthraí eile réamhscolaíochta le heolas agus scileanna a chomhroinnt;
- Tá éagsúlachtaí i gcónaí ag baint le caighdeán an tsoláthair do na páistí sin a aistríonn i lár téarma, go háirithe na páistí sin a aistríonn isteach i rang réamhscoile, lena n-áirítear rang réamhbhliana, agus iad ag teannadh ar an aois iomchuí, go háirithe nuair a dhéantar iad a rollú isteach i gcomhrang le páistí eile de, ar a laghad, bliainghrúpa amháin eile; agus
- Tá caighdeán na pleanála le freastal ar riachtanais éagsúla na bpáistí agus an measúnú a dhéantar ar dhul chun cinn, go fóill ar na réimsí is mó a shaináithnítear mar réimse ina bhféadfaí feabhsú a dhéanamh, i ngach earnáil.

Ceannasaíocht

- Tá comhghaolmhaireacht láidir idir ceannasaíocht agus bainisteoireacht atá maith nó níos fearr agus fiúntas an tsoláthair, na gcaighdeán agus éifeachtach fhoriomlán an tsuímh réamhscolaíochta, i ngach earnáil;
- Bíonn tionchar i gcónaí ag réimse de thosca ar cheannasaíocht agus bainisteoireacht san earnáil dheonach agus phríobháideach lena n-áirítear easpa taithí na mball foirne sin a bhfuil ról cheannasaíochta acu; an t-athrú bliantúil ar bhallraíocht an ghrúpa bainistíochta; an fhoireann a bheith ag athrú go minic;
- Bíonn na ceannairí is éifeachtaí réamhghníomhach maidir leis an fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus an oiliúint a mheas trí réimse de mhodhanna, lena n-áirítear comhoibriú le cleachtóirí agus le gairmithe eile;

- Ní mór do bhunús na gceannairí méadú ar na deiseanna atá ann maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach, do gach ball foirne; agus
- Tá éagsúlachtaí ann go fóill maidir le héifeachtach fhoriomlán na suíomhanna réamhscolaíochta Gaeloideachais, agus an cheannasaíocht agus inniúlachtaí Gaeilge sainaitheanta ina n-eochaircheisteanna.

Aistriú agus Tacaíocht

- Tá éagsúlachtaí ann go fóill ó thaobh cleachtais agus éifeachtachta de maidir le comhroinnt na faisnéise i dtaca le dul chun cinn agus gnóthachtaíil páistí idir suíomhanna réamhscolaíochta agus bunscoileanna;
- Tá éagsúlachtaí go fóill ann maidir le caighdeán na tacaíochta seachtraí a sholáthraíonn na speisialtóirí luathbhlianta do shuíomhanna deonacha agus príobháideacha agus tá gá le breithmheas níos mionsonraithe ar an obair seo;
- Sa chleachtas is fearr, cuireann na suíomhanna chun cinn rannpháirtíocht mhéadaithe i measc tuismitheoirí trína spreagadh le cuidiú lena bpáistí lánacmhainneacht a bhaint amach; agus
- Tig laghdú ar bhacainní féideartha roimh an fhoghlaim trí chomhpháirtíochtaí gníomhacha le grúpaí pobail agus le háisíneachtaí seachtracha a spreagadh sa tsuíomh.

BALLRAÍOCHT DEN GHRÚPA COMHAIRLEACH DE PHÁIRTITHE LEASMHARA NA (0-6) STRAITÉISE LUATHBHLIANTA

Paula Barr	Sure Start an tSeantalaimh
Sharon Beattie	Comhairle Ghinearálta Teagaisc TÉ (GTCNI)
Jenny Boyd	Enniskillen Nursery School
Marie Cavanagh	Gingerbread
Dr Marleen Collins	Cigireacht Oideachais agus Oiliúna
Gerry Conway	Bord Sláinte agus Cúraim Shóisialta
Louise Coyle	Gréasán Mhná Tuaithe TÉ (NIRWN)
Gerardine Cunningham	Comhairle Cúraim Shóisialta Thuaisceart Éireann (NISCC)
Elaine Conway/Ellen Finlay/ Robyn McCready	Páistí i dTÉ
Siobhan Fitzpatrick	Luathbhlianta – Eagrais na bPáistí Óga
Sean Holland	An Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí
Pauline Leeson	Páistí i dTÉ
Alice Lennon/ Dawn Crosby	Ionadaithe na mBord
Alasdair MacInnes/ Richard Duffin	An Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí
Patricia McAlister	Altram

Barbara McConnell

Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis

Majella McDowell

Galliagh Nursery School

Celine McStravick

Biúró Náisiúnta na bPáistí

Maurice Meehan/Mary Black

An Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí

Paula Murray

Christ the Redeemer Primary School

Kyra Pauley

Comhpháirtíocht Réigiúnach na nIonad Ban (WCRP)

Heino Schonfeld/Michelle Harris

an tIonad um Sheirbhísí Éifeachtacha

Carolyn Stewart

MENCAP



FOGHLAIM NA FOGHLAMTHA
Creat don Oideachas agus don Fhoghlaim sna Luathbhlianta